Príomhghné eile den chinneadh seo, agus atá iomlán éagsúil don Chúirt Uachtarach óna cinní le déanaí, is ea go ndeachaigh sí i ngleic le dlí ábhartha an AE. Sa bhreithiúnas seo rinne an Chúirt Uachtarach tagairt ní hamháin d'anailís Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gCreat-Treoir Fostaíochta ach ghlac sí leis freisin go gcaithfear an Treoir a léamh i bhfianaise Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD). Cuireann sé seo go mór leis an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag an CRPD ar léamh dhlí comhionannais fostaíochta na hÉireann. Dhaingnigh Éire CRPD na Náisiún Aontaithe in 2018 agus tugann sé cearta comhionannais láidre do dhaoine faoi mhíchumas i ngach réimse saoil, lena n-áirítear i gcomhthéacs fostaíochta agus oideachais. Is léir go bhfuil dualgas láidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil agus go gcaithfear tacaíochtaí breise san oideachas a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas.

Tugadh na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2018 isteach chun comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre. Déanann siad amhlaidh trí reachtaíocht a dhéanamh chun idirdhealú díreach agus indíreach, ciapadh gnéasach agus eile, agus íospairt a chosc. Éilíonn na hAchtanna go ndéanfaí freastal réasúnta ar dhaoine faoi mhíchumas agus go gceadófaí gníomh dearfach. Ligeann 'gníomh

dearfach' d'fhostóirí céimeanna a ghlacadh chun comhionannas a chur chun cinn, go háirithe maidir le hinscne, daoine faoi mhíchumas, baill den Lucht Siúil, agus fostaithe os cionn 50 bliain d'aois. Baineann na hAchtanna le gach ceann díobh seo a leanas: fostaithe san earnáil phoiblí nó phríobháideach, cibé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha nó sealadach; ceardchumainn, comhlachtaí gairmiúla, gníomhaireachtaí fostaíochta agus comhlachtaí gairmoiliúna. Ní fhéadfaidh fostóirí idirdhealú a dhéanamh i gcoinne aon fhostaí nó fostaithe ionchasacha ar bhonn aon cheann de na naoi bhforas cosanta, is iad sin: aois, cine, inscne, míchumas, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún agus ballraíocht sa lucht siúil. Tá cosc ar leatrom i bhfógraíocht, pá, rochtain ar fhostaíocht, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, oiliúint, ardú céime nó athghrádú, soláthar gairmoiliúna, agus difhostú. Is fostóir í an Ollscoil chun críocha an Achta seo ach is féidir leis an Ollscoil a bheith faoi dhliteanas i leith ghníomhartha na bhfostaithe, agus ní mór dúinn, thar ceann na hOllscoile, forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 cosc ar idirdhealú ar na naoi bhforas chéanna ach tá an cosc ar idirdhealú i gceist ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, soláthar lóistín agus oideachais. Is léir go bhfuil dualgas ar an Ollscoil a chinntiú nach ndéantar leithcheal ar mhic léinn a fhaigheann an t-oideachas sin, nach ndéantar ciapadh orthu, agus go ndéantar freastal réasúnta ar mhic léinn faoi mhíchumas. Leagann an tAcht um Míchumas 2005 dualgas reachtúil ar sholáthróirí seirbhíse poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas. Leagann an tAcht amach sprioc do chomhlachtaí san earnáil phoiblí go mbeadh 3% dá gcuid fostaithe faoi mhíchumas agus tá ceanglas ar an Ollscoil tuairisc a chur ar fáil gach bliain faoi líon agus faoi chéatadán na gcomhaltáí foirne faoi mhíchumas le cinntiú go mbaintear amach an sprioc seo. Tá an fhaisnéis seo mar chuid den tuarascáil a d'ullmhaigh Coiste Monatóireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna don Údarás Náisiúnta Míchumais. Tugadh isteach Dualgas na hEarnála Poiblí mar chuid den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Leagann sé dualgas soiléir ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí, ina soláthar ar a gcuid seirbhísí agus ina n-idirghníomhaíocht lena bhfoireann agus leo siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh, chun deireadh a chur le leatrom, chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus chun cearta an duine a chosaint.



3. GNÉ-ALT: OÉ GAILLIMH, OLLSCOIL TEARMAINN

Aidan Harte, Comhordaitheoir Ollscoil Tearmainn, OÉ Gaillimh

Ainmniúchán:

Mar aon le duaiseanna Athena Swan agus an Champais Ghlais, léiríonn Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh atá bunaithe ar na luachanna seo a leanas: Meas, Oscailteacht, Barr Feabhais agus Inbhuanaitheacht dár bhfoireann, mic léinn agus comhpháirtithe pobail go bhfuil OÉ Gaillimh tiomanta aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí taobh amuigh de theorainneacha na hollscoile. Cuireann an t-ainmniúchán oifigiúil a fuaireamar le déanaí mar Ollscoil Tearmainn (OT) bonn taca freisin faoi thiomantas i leith rochtain éagothrom ar oideachas tríd leibhéal a shárú, go háirithe do lucht siúil na hÉireann, lucht iarrtha tearmainn, dídeanaithe agus grúpaí imirceacha leochaileacha eile. Tugann sé le fios freisin do phobal níos leithne na Gaillimhe go bhfuilimid tiomanta don éiteas céanna sin a leathnú amach níos faide chuig an gcathair agus straitéisí a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh Gaillimh ina Cathair Tearmainn sna blianta amach romhainn, trínár dtionscnaimh Scoileanna Tearmainn agus Pobal Tearmainn.

Buaicphointí go dtí seo:

I ndiaidh ár seolta oifigiúil i mí Feabhra 2018, bhí coiste OT ag cur leis an “meas” agus an mhuinín idir an ollscoil agus na pobail máguaird, agus cáil á baint amach aige mar thionscnamh piarthreoraithe agus bunaithe ar chearta laistigh den ollscoil. Níos suntasaí fós, seans, rinneamar Cláir Scoláireachta Cuimsitheachta Comórtha Céad Bliain agus na hOifige Iontrála a thairiscint, a raibh sé scoláireacht fochéime & trí scoláireacht iarchéime mar thoradh orthu don bhliain acadúil 2019-2020. Cuimsíonn ár gclár nua scoláireachta OT, atá dírithe go sonrath ar lucht siúil na hÉireann, lucht iarrtha tearmainn, dídeanaithe agus grúpaí imirceacha leochaileacha eile, gnéithe meantóireachta piarái agus acadúla araon, agus cruthaíodh go bhfuil na gnéithe seo an-éifeachtach agus aghaidh á tabhairt ar dhúshlán bhreise a bhíonn le sárú ag lucht faighte na scoláireachtaí.

Chun an ollscoil a “oscailt” dóibh siúd atá i Soláthar Díreach nach mbeadh deis acu cuairt a thabhairt ar an gcampas ar aon slí eile seans, chuireamar cúrsa coicise Béarla neamhchreidiúnaithe ar fáil saor in aisce ar an gcampas le dhá shamhradh anuas.

Ag an am céanna, chomhoibríomar le brainse áitiúil an cheardchumainn FÓRSA chun maoiniú a sholáthar do dhá shocrúchán cúrsa do Chóras Tástála Idirnáisiúnta an Bhéarla (IELTS). Cuireann an teastas IELTS ar chumas mic léinn ó thíortha nach labhraítear Béarla iontu a gcuid scileanna teanga a fhorbairt sula gcláraíonn siad ag an ollscoil.

I measc na mbuaicphointí eile tá ár gClár Tearmainn sa Pholaitíocht, ar réamhchúrsa é ar chultúr na hÉireann, struchtúir pholaitíochta, ionadaíocht ar mhionlaigh sna meáin, agus feachtasaíocht ghníomhach. Reáchtáladh an cúrsa píolótach ar feadh ceithre Shatharn as a chéile i mí an Mheithimh 2019 agus áiríodh ann ionchur ó shaineolaithe sna réimsí thuasluaite. D’eagraigh ár gcoiste stiúrtha imeachtaí aoichainteora ar an gcampas chun aird a tharraingt ar an taighde “den scoth” in OÉ Gaillimh a bhaineann lenár spriocghrúpaí. I measc roinnt de na himeachtaí aoichainteora bhí cainteanna ar Rochtain ar Altranas, Baic ar Éagsúlacht san Oideachas, an Próiseas Tearmainn & Meabhairshláinte agus, go deireadh, an Lucht Siúil san Oideachas. I mí na Samhna 2019, bhuamar Gradam áitiúil an Chumainn Lucht Tráchtála do Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, mar gheall ar ár gcuid oibre ag cur oideachas chun cinn agus, dá bharr sin, infhostaitheacht do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht.



Aidan Harte

Cathair Thearmainn:

Agus ár straitéisí á bhforbairt againn chun ainmniúchán a bhaint amach mar “Phobal Tearmainn” sna blianta amach romhainn, cuirfidimid leis an muinín atá saothraithe againn trínár ngníomhaíochtaí go dtí seo. Neartaíonn ár n-ainmniúchán mar

An Méara M Cubbard, an tAire D Stanton, an tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh agus an tOll. Anne Scott ag searmanas ainmniúcháin OT, Samhain 2019



“Thearmann” ár seasamh mar phríomhpháirtí pobail ag obair i dtreo sochaí níos cuimsithí agus níos cothroime. Chuir ár gcoiste stiúrtha leis na ceangail a bhí cruthaithe cheana féin le Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LPCG), Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (CCG), Cumann Lucht Tráchtála na Gaillimhe, agus Gaillimh 2020, agus tá ionadaíocht acu ar an LPCG agus ar an CCG. Táimid ag cur le Plean an Choiste Forbartha Pobail áitiúil ar bhonn gníomhach, agus ag cur le straitéisí Chuibhreannas Comhtháthaithe na Gaillimhe. Oibreimid go dlúth le Cumann Lucht Tráchtála na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal íseal fostaíochta i measc ár spriocghrúpaí trí thionscadail phíolótacha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach chun dul i ngleic le claontacht san ionad oibre, agus chun earnálacha deonacha agus fostaíochta éagsúla a chur chun cinn. De réir ár dtéarmaí Tagartha, forbróimid comhpháirtíochtaí “inbhuanaithe” chun dul i ngleic le baic ar Fhostaíocht, Tithíocht, Sláinte, Ceartas, Teanga & Oideachas, na hEalaíona & Cultúr, agus Spórt inár n-iarrachtaí ainmniúchán mar Chathair Thearmainn a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

Léargas ó Mhac Léinn Scoláireachta OT:

Mitchelle Dube, Uasal, Mac Léinn Scoláireachta OT
 Michelle Dube is ainm dom agus táim ar dhuine den ochtar a fuair Scoláireacht OT in 2019. Ba é an chéad uair a chuala mé faoin scoláireacht nuair a bhí an cúrsa rochtana á dhéanamh agam. Luaigh comhordaitheoir mo chúrsa, an Dr Surlis, an scoláireacht liom agus chuaigh mé i mbun taighde. Rinne mé teagmháil le Aidan Harte, Comhordaitheoir OT agus d’inis sé dom gach a raibh de dhíth orm agus chuir mé isteach ar scoláireacht OT. An rud ab fhéarr a tharla ná gur éirigh le m’iarratas mar go bhfuilim in ann dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus tabhairt faoi


chúrsa a dhéanamh, brionglóid a bhí agam le fada. Deis an-mhaith é seo dom agus tá rún agam é a úsáid go ciallmhar agus mo sheacht míle dícheall a dhéanamh. Chuir mé aithne ar chúpla cara freisin a chabhraigh go mór liom mo chuid scileanna sóisialta a fheabhsú agus aithne a chur ar dhaoine ó chultúir agus ó chúlráí éagsúla. Ar nós gach rud sa saol bíonn deacrachtaí ann chomh maith. Is iarrthóir tearmainn mé go fóill agus níl a fhios agam céard atá i ndán dom anseo in Éirinn agus idir é sin agus ag iarraidh dul i dtaithe ar na héilimh ollscoile bíonn brú orm agus uaireanta baineann sé go leor asam ó thaobh mo mheabhairshláinte de. Bhí orm dul i ngleic le mo chás tearmainn agus mo chuid scrúduithe ag an am céanna sa chéad seimeastar, rud nach raibh mé ullmhaithe dó agus chuir sé isteach ar mo chuid marcanna. Ní dharna mé chomh maith agus a theastaigh uaim a dhéanamh. Bíonn dúshlán i gcónaí le sárú agam maidir le modhanna malartacha staidéir a aimsiú mar nílim i mo chónaí i dtimpeallacht feiliúnach do mhac léinn. Úsáidim an leabharlann ar ndóigh ach le linn shéasúr na scrúduithe is crá croí é áit a fháil chun staidéar a dhéanamh. Faoi láthair táim sa chéad bhliain d’Eolaíocht Bhithleighis agus áirítear leis sin Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Taighde Bithleighis, Cumarsáid Eolaíochta, Seimineáir Bhithleighis agus tá siad ar fad éigeantach. Sa dara bliain beidh deis agam ábhar a roghnú agus tá súil agam Fiseolaíocht, Cógaseolaíocht, agus Bithcheimic a dhéanamh. Ba mhaith liom na hábhair sin a dhéanamh mar go bhfuil suim agam taighde ar ailse a dhéanamh nó a bheith ag obair i réimse na cógaisíochta. Níl cinneadh déanta agam fós ach tá go leor ama agam chun é a oibriú amach!

Lucht iarrtha tearmainn ilchultúrtha ag déanamh iarratais



Baill de Choiste Stiúrtha OT leis an Aire David Stanton

Mitchelle Dube
 – Buaiteoir
 Scoláireachta
 OT



Grúpa de mhic léinn scoláireachta OT ag Bronnadh Céimeanna an Ionaid Rochtana i mí na Samhna 2019.



Taispeántas
Tionscadail
EDI 2018-
2019



Way Women in Innovat

Private HER

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

BT+ Skill Network

Coming to Data Science Institute

All events are held for the benefit of the students & staff of OSI. All events are booked in the Conference Room. Check out the online programme at www.osi.ie during April, May & June that are open to all at OSI Galway.

FÉILE LE CHÉILE
Togetherness through Diversity
A Celebration of the rich diverse cultures of the Data Science Institute

MONDAY MOVIE EVENING
Films from Middle East & Africa
5.00pm April 15th

TUESDAY CULTURE LUNCHES
A series of lunchtime (1pm) "My Culture" talks
Monday 10, Africa/Asian/European mix (Apr 23)
Tuesday 11, Latin (Apr 30), Brazilian (May 7)
Italian (May 14), French (May 21)

WEDNESDAY GAME NIGHTS
Board games from France, India, Brazil, Tunisia, Lebanon, Syria... 6.00pm, Wednesdays April 10th - May 8th

COMING SOON! AN IRISH WEEKEND EXCURSION
Discover Ireland's rich heritage by joining your colleagues on a tour in June of an Irish scenic landscape

The "Global Village" Map
Pin your home location on a wall mounted map of the World & see why OSI is known as the United Nations of Galway!

These events are held for the benefit of the students & staff of OSI. All events are booked in the Conference Room. Check out the online programme at www.osi.ie during April, May & June that are open to all at OSI Galway.

OSI Galway
D.S. Institute

Insight

For Direct Provision centre residents workshop for the adult residents of the Direct Provision Accommodation Centre, Friday April 20th

€1,000 in staff society and cash

May 3rd & June 7th
no music, DJ

the beginnings of the Globalisation of Galway
A series of multi-national electronic manufacturing plants during the early 1970s brought people from all over the world to live and work in Galway City. Hear their stories and their ongoing contributions to Ireland.
Thursday April 19th

FÉILE LE CHÉILE
Togetherness through Diversity
Celebration of the rich diverse cultures of the Data Science Institute

MONDAY MOVIE EVENING

FÉILE LE CHÉILE
Togetherness through Diversity
Celebration of the rich diverse cultures of the Data Science Institute

MONDAY MOVIE EVENING

4a. GNÉ-ALT: CISTE TIONSCADAIL 2019-20

Ciste Tionscadail EDI 2019/20

Is ócáid bhliantúil sheanbhunaithe anois é an Ciste Tionscadail Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (€10,000) i bhféilire EDI. Bronntar Ciste Tionscadail EDI mar dheontais bheaga idir €300 - €1000 de ghnáth. Is féidir le comhaltaí foirne agus le mic léinn cur isteach ar an gciste gach bliain ar bhonn iomaíoch do thionscadail éagsúla chomhionannais laistigh den Ollscoil. Díríonn an ciste tionscadail EDI ar thionscnaimh chomhionannais/chuimsithe nuálacha a éascú agus éagsúlacht i ngach réimse de shaol na hOllscoile a chur chun cinn agus a cheiliúradh.

Tháinig deireadh leis an trío glao bliantúil ar iarratais an Chiste Tionscadail EDI an 29 Deireadh Fómhair 2019.

Mar aon leis an mbliain seo caite, fuarthas 23 iarratas agus bhí an-áthas ar Fhochoiste Chiste Tionscadail EDI 10 ndeontas a bhronnadh in 2019/20 ar mheascán de thionscadail foirne agus mac léinn ar fud an champais a bhain le téamaí tosaíochta éagsúla. Tugadh tús áite do mholtaí tionscadail a bhaineann leis na 9 bhforas atá cosanta sa reachtaíocht chomhionannais nó sna snáitheanna oibre a d'aithin an EDICC mar théamaí tosaíochta leanúnacha do 2019/20: Míchumas, Éagsúlacht Chultúrtha, Rochtain ar an Ardoideachas agus Inscne.

Tionscadail

Tumchlár Cultúir

Déanann an Tumchlár Cultúir iarracht aghaidh a thabhairt ar na riachtanais tumoideachais agus comhtháthaithe atá ag gach mac léinn chéad bhliana i gColáiste Ósta na Sionna i ndáil lena n-aistriú ón meánscoil go dtí oideachas ar an trío leibhéal, agus chomh maith leis sin, a n-aistriú i dtaca leis an staidéar agus bualadh le daoine i dtimpeallacht ilchultúrtha.

Eagraithe ag: An Dr María Palma-Fahey, Coláiste Ósta na Sionna.

Comharghrúpa Ealaíon Aiteach

Meascán de cheardlanna agus comhdháil idirnáisiúnta agus trasdhisciplíneach 2 lá dar teideal "Glorious Outsiders: Queer Past and Futures in Irish Performance", bunóidh an tionscadal Comharghrúpa Ealaíon Aiteach ardán leath-

acadúil chun spás a chruthú le plé a dhéanamh ar réimse éagsúil saincheisteanna a bhaineann le suibhachtúlachtaí aiteacha agus tábhacht shochpholaitiúil na n-ealaíon aiteach sa saol acadúil agus lasmuigh de.

Eagraithe ag: Zsuzsanna Balázs, Mac Léinn PhD, Ionad Uí Dhonnchadha don Drámaíocht.

Feasacht Míchumais Pobail a chur chun cinn i measc Mic Léinn Fochéime

Cuirfidh an tionscadal seo tacaíocht ar fáil do mhic léinn fochéime Teiripe Urlabhra agus Teanga in OÉ Gaillimh chun oiliúint Hear Me! a chomhsheachadadh in éineacht le daoine fásta faoi mhíchumas cumarsáide do mhic léinn fáilteachais atá lonnaithe i gColáiste na Sionna. Réiteach oiliúna duine-le-duine is ea Hear Me! a thabharfaidh deis do na mic léinn fáilteachais tacú lena gcuidreamh le daoine faoi mhíchumas cumarsáide agus dá réir sin, constaicí a shárú trí thimpeallacht a chur chun cinn ina mbraitheann daoine le laguithe cumarsáide go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus go bhfuil fáilte rompu.

Eagraithe ag: Clare Carroll.

Innealtóireacht Ár dToghcháil: Lá Spraoi don Teaghlach

Chuir an tionscadal seo le líon na ngníomhaíochtaí praiticiúla do theaghlach ag an ócáid Innealtóireacht Ár dToghcháil: Lá Spraoi don Teaghlach [www.nuigalway.ie/engineersweek] le linn Sheachtain Innealtóirí 2020, seachtain ina ndéantar ceiliúradh ar an innealtóireacht fud fad na tíre. Chuir an tionscadal trealamh céadfach ar fáil do leanaí beaga agus do leanaí faoi mhíchumas go háirithe d'fhonn taithí an lucht freastail a shaibhriú agus d'fhonn freastal ar lucht féachana níos éagsúla. Beidh an trealamh seo ar fáil le húsáid ar na laethanta spraoi don teaghlach sna blianta amach anseo, chomh maith le gníomhaíochtaí for-rochtana féideartha eile a chuireann an innealtóireacht chun cinn.

Eagraithe ag: Magdalena Hajdukiewicz.

Ag Samhlú an Oibrí

Is é an aidhm atá le Ag Samhlú an Oibrí aird a tharraingt ar an saothar faoi cheilt nó dofheicthe a thacaíonn le hobair na hollscoile. Leathnóidh sé coincheapa cuimsitheacha, chomhionannais agus éagsúlachta trí aitheantas a thabhairt d'iarracht

thábhachtach an lucht saothair seo, go háirithe iad siúd a bhíonn ag glanadh, ag cothabháil agus i mbun slándála. Ag úsáid na teicneolaíochta, ar nós raidió, chun podchraoladh a chur ar fáil, an saothar/ oibrí a dhoiciméadú agus a shamhlú trí fhocail agus fuaim, tá sé mar aidhm aige eolas a leathnú faoi chruth ilchultúrtha lucht saothair iomlán na hollscoile agus grúpa mac léinn ilchultúrtha agus éagsúil a chumasú chun dul i ngleic le cuspóir an tionscadail.

Eagraithe ag: Mary Clancy, Ionad Léann Domhanda na mBan.

Saol LGBT+ in OÉ Gaillimh a Mhapáil

Is é an aidhm atá ag an tionscadal seo tionscadal mapála tosaigh a fhorbairt chun na daoine agus na háiteanna ar an gcampas a chuidigh le forbairt chearta, seirbhísí agus chultúir LGBT+ i nGaillimh agus níos faide i gcéin a aithint, feasacht a ardú ina leith agus ceiliúradh a dhéanamh orthu.

Eagraithe ag: Declan Coogan, Eolaíocht Pholaitiúil & Socheolaíocht.

Comhtháthú trí Chluichí Gaelacha

Is é an aidhm atá ag Comhtháthú trí Chluichí Gaelacha éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn i measc phobal mac léinn idirnáisiúnta OÉ Gaillimh trí fhoireann Peil Ghaelach a fhorbairt. Tabharfaidh sé seo deis do mhic léinn bualadh le daoine eile ó chúilraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla agus rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú.

Eagraithe ag: Nigel Collins, Foireann Peil Ghaelach Idirnáisiúnta OÉ Gaillimh.

Ceiliúradh ar Cheolchoirm EDI & Físeán Ceoil

Is éard is cuspóir leis an gceolchoirm agus leis an bhfíseán ceoil éagsúlacht, comhionannas & cuimsiú a cheiliúradh trí mheán an cheoil agus tabharfaidh siad réimse éagsúil mac léinn, foirne agus an pobal i gcoitinne le chéile. Ina theannta sin, cruthaíonn an tionscnamh seo deis chomhoibrithe idir foireann agus mic léinn OÉ Gaillimh agus an pobal i gcoitinne agus iad ag obair le chéile le hócáid a chruthú ina mbíonn éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú i ngach uile ghné den tionscnamh.

Eagraithe ag: Owen Ward, an tIonad Rochtana i gcomhar le Imelda Byrne, an tIonad Rochtana.

Rochtain an Lucht Siúil ar an Ollscoil

Beidh imeacht dar teideal 'Rochtain an Lucht Siúil ar an Ollscoil' ar siúl ar an gcampas le fáilte a chur roimh bhaill de Lucht Siúil na hÉireann agus lena spreagadh tabhairt faoin ardoideachas in OÉ Gaillimh. Is é príomhchuspóir an imeachta seo caidreamh níos láidre a chruthú idir foireann agus mic léinn OÉ Gaillimh agus an Lucht Siúil ar fud Iarthar na hÉireann.

Eagraithe ag: Owen Ward, an tIonad Rochtana i gcomhar le Imelda Byrne, an tIonad Rochtana.

Ag ceiliúradh Herstory trí na 'Gnáth'-mhná agus mná 'Neamhghnácha' in Éirinn san fhichiú haois

In 2018, reáchtáil Gréasán Ban na hOllscoile, arna mhaoiniú ag an gCiste Tionscadail EDI, ócáid chun Nollaig na mBan a cheiliúradh mar chuid d'imeachtaí ceiliúrtha bliantúla Herstory.



Imeacht LGBT+, 3 Márta

Tá sé i gceist ag an tionscadal seo imeacht a reáchtáil ina mbeidh páistí scoile áitiúla páirteach agus ina ndéanfar an caidreamh le Herstory a fhorbairt a thuilleadh. Is é an aidhm atá leis díriú ar 'ghnáth'-mhná agus ar mhná 'neamhghnácha' i stair na hÉireann, imeacht a bheidh ar siúl ag an tráth céanna le tionscadal Herstory 2020 agus leis an tsraith teilifíse ina bhfuil sé chuid san iomlán <https://www.rte.ie/culture/2019/0729/1065831-rte-announces-herstory-20-20-project/> Beidh dhá phríomhghné sa tionscadal: Táthar chun tionscadal oideachais cruthaitheach a reáchtáil i dtrí scoil áitiúla ar bhonn pólótach a bheidh dírithe ar dhaltaí rang a 5 agus a 6 chomh maith le Cóisir do Pháistí san Aula Maxima.

Eagraithe ag: Sarah-Anne Buckley, Gréasán Ban na hOllscoile.



Owen Ward agus an tUachtarán Ciarán Ó hÓgartaigh ag Lá Eitneachais Chumann an Lucht Siúil



Lá Eitneachais
Chumann an
Lucht Siúil



NUIG Schools of Sanctuary

NUIG Schools of Sanctuary

4b. GNÉ-ALT: BÉIM AR CHUMAS

Ag Tacú le Mic Léinn faoi Mhíchumas do Shocrúchán

Cuimsíonn mic léinn faoi mhíchumas a ghlacann páirt san ardoideachas in Éirinn 6.2% de líon iomlán na mac léinn (an Cumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumas (AHEAD), 2018). Léiríonn an figiúr seo méadú 17% ar líon na mac léinn faoi mhíchumas san ardoideachas ó 2017 i leith agus méadú 62% le cúig bliana anuas. De réir mar a thagann méadú ar líon na mac léinn faoi mhíchumas, is amhlaidh nach mór timpeallachtaí cuimsithe a chruthú agus a chothú. Is fíor an méid sin go háirithe nuair a bhíonn mic léinn faoi mhíchumas cláraithe ar chlár acadúla a bhfuil foghlaim obairbhunaithe chreidiúnaithe leabaithe sna modúil. Sa bhliain acadúil 2019/20 tá 78 mac léinn as gach coláiste in OÉ Gaillimh cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais.

Tá nochtadh faisnéise ar cheann de na gnéithe is dúshlánaí a bhaineann le bheith faoi mhíchumas, go háirithe maidir le fostaíocht (AHEAD, 2013). Is ábhar casta é an nochtadh faisnéise agus bíonn tionchar ag féiniúlacht, cineál an mhíchumais, comhthéacs agus taithí an duine air. Is mó imní fiú a bhíonn ar dhaoine a bhfuil míchumas ceilte acu é sin a chur in iúl d'fhostóir. Bíonn imní ar mhic léinn go leor faoi chlaonadh agus faoi dhearcthaí diúltacha i leith míchumais agus dá thairbhe sin is minic a d'fhéadfadh an nochtadh míchumais a bheith ina bhac ar dhuine tacaíocht atá de dhíth go géar a fháil le linn phróiseas an tsocrúcháin. Féachann foireann na Foghlama Obairbhunaithe san Ionad Forbartha Gairmeacha le hatmaisféar dearfach cuimsitheach a chothú ionas go mtháíonn mic léinn ar a bhfaichill agus ar a gcompord maidir lena míchumas a chur in iúl.

I ndlúthchomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, tá na dea-chleachtais agus nósanna imeachta is fearr leagtha amach ag foireann na Foghlama Obairbhunaithe chun tacú le mic léinn faoi mhíchumas atá ar shocrúchán. Leis an tuiscint gurb é ceart an duine é míchumas a chur in iúl, is amhlaidh a iarrtar ar mhic léinn cuimhneamh ar réimse ceisteanna nuair atá siad ag socrú a míchumas a chur in iúl d'fhostóir ionchasach: cad chuige, céard, cathain, cé, agus cén chaoi. Molann an tOifigeach Socrúcháin agus an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais don mhac léinn glacadh le tacaíocht ag tús phróiseas an tsocrúcháin. Tugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinniú pleanála le plé a dhéanamh ar na socrúithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an mac léinn le linn dó/di a bheith ag ullmhú don socrúchán agus/nó le linn dó/di a bheith ar shocrúchán le hóstagraíocht. Déantar socrúithe,

e.g. rúndacht a choinneáil, cead i dtaca le bogearra a shuiteáil, oiriúnuithe céadfacha, uaireanta oibre laghdaithe, nó am ar leataobh do choinní leighis a shonrú i dtuairisc Pleanála Socrúcháin atá cosúil leis an Achoimre ar Riachtanais Foghlama agus Oideachais (LENS) a bhíonn ag mac léinn. Tá an tuairisc luaineach agus féadtar í a leasú le linn an tsocrúcháin má athraíonn riachtanais an mhic léinn. Déantar mic léinn a chumasú chun páirt a ghlacadh i bpróiseas feidhmiúil nocht le fostaíirí agus chun leas a bhaint as próiseas an tsocrúcháin mar chleachtadh dá bplean nocht nuair a rachaidh siad isteach i margadh na hearcaíochta céimithe. Áirítear i measc aiseolas na mac léinn;

"Bhí an tuairisc pleanála Socrúcháin ina cuidiú dom na rudaí a bhí de dhíth orm don socrúchán a aithint chun go mbeadh ionchur éifeachtach agam i mo phost"

"Mothaím níos muiníní mo mhíchumas a chur in iúl anois mar mhac léinn i mbliain na céime de thairbhe na tacaíochta a fuair mé le linn an tsocrúcháin"

Chomh maith le tacaíocht a sholáthar i ndáil le míchumas a chur in iúl, cuireann Oifigigh Shocrúcháin bonn taca faoin tacaíocht a thugtar do mhic léinn le cruinnithe pearsanta chun cúnamh a chur ar fáil maidir le scileanna agallaimh agus CV a ullmhú. Ó tugadh isteach na nósanna imeachta agus dea-chleachtais seo in 2017, tháinig méadú faoi dheich ar líon na mac léinn a chur a míchumas in iúl agus tá dioscúrsa dearfach i dtaca le míchumas sa chur in iúl i réim. Ó 2017, d'éirigh le gach mac léinn faoi mhíchumas a roghnaigh an míchumas a chur in iúl socrúcháin a bhaint amach ina n-earnálacha tionsclaíochta ar leith.

Chomh maith leis sin, tháinig feabhas ar fheasacht mhíchumais i measc oifigigh shocrúcháin agus i measc fostaíirí.

*Niall O'Hanlon,
ESB, Ócáid chun
Casadh le Fostaíirí*



An Clár d'Aistriú go dtí Fostaíocht

I mí Feabhra 2020, d'éascaigh an tIonad Forbartha Gairmeacha clár tiomanta ar a dtugtar Aistriú go dtí Fostaíocht a thacaíonn le mic léinn faoi

mhíchumas nó mic léinn a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus atá ag ullmhú le haistriú go dtí an t-ionad oibre mar chéimí, ar shocrúchán, nó ag lorg intéirneacht samhraidh nó post páirtaimseartha. Rinne Claire Murphy agus Marie Laffey ón Ionad Forbartha Gairmeacha an clár a chomhordú. Forbraíodh an chéad imlíne den chlár agus coincheap an chliaint chróga (Duncan et al, 2004) curtha san áireamh agus tá an fhorbairt incriminteach a dhéantar ar ábhar an chláir á múnú de réir aiseolais agus tuairimí a fhaightear ó na rannpháirtithe le linn gach seisiúin. Tá an cur chuige solúbtha seo maidir le 'hiniúchadh agus cur in oiriúint' ríthábhachtach le cinntiú go gcuimsíonn an clár riachtanais agus cuspoirí na rannpháirtithe. Forbraítear gach ábhar agus modh seachadta ag úsáid creatlach i dtaca le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL).

Cuireadh an clár i bhfeidhm ar bhonn píolótach den chéad uair i mí Feabhra 2017 agus bhain sé Gradam Infhostaitheachta Chumann na Seirbhísí Gairmeacha Ardoideachais in Éirinn (AHECS) amach i mí Bealtaine 2017. Tá ceithre cheardlann mar chuid den chlár chun tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine cumasacha a gcuid scileanna infhostaitheachta a fheabhsú chun go mbeidh siad réidh le dul i mbun oibre agus níos mó muiníne acu chun ceangail a chruthú le fostóirí. Ó 2017 i leith, ghlac breis agus 100 mac léinn páirt sa chlár agus suas le 40 mac léinn ag glacadh páirt i ngnéithe éagsúla den chlár i mí Feabhra 2020. I measc na dteistiméireachtaí, bhí;

"Taispeánadh dom go bhfuilim ag dul sa treo ceart i dtaca le fostaíocht a bhaint amach sa todhchaí"

"B'ionadh liom an cuidiú agus an t-ugach a tugadh dom le linn na gceithre seachtaine. Ba gheall le clár é a bhí curtha in oiriúint dom féin amháin. Ar chríochnú an chláir dom, bhí scileanna agallaimh fadsaoil, eolas dlí maidir le nochtadh agus muinín nua faighte agam."

"D'fhoghlaim mé go leor faoi na roghanna atá agam i dtaca leis an gcúis agus leis an am ar chóir nó nár chóir míchumas a chur in iúl d'fhostóir agus faoi na deontais agus na cláir atá ar fáil le cur ar chumas daoine faoi mhíchumas post a bhaint amach sa mhargadh fostaíochta."

Cuireann an clár deis ar leith ar fáil do rannpháirtithe chun aithne a chur ar fhostóirí agus chun a fháil amach faoin dóigh a mbíonn éagsúlacht agus cuimsiú á gcur chun cinn san ionad oibre acu. I mbliana rinne an tOllamh Michelle Millar, Déan na Mac Léinn seisiún na bhfostóirí a oscailt agus d'fháiltigh sí roimh Fidelity Investments, SAP, ESB agus Specialisterne chuig OÉ Gaillimh agus ghlac sí buíochas leo as ucht na tacaíochta a thugann siad don chlár. Roinn fostóirí an taithí a bhí acu ar a n-aistear gairme agus an t-aistriú go dtí an t-ionad oibre do dhuine faoi mhíchumas le béim faoi leith ar a gcumas seachas a míchumas.

Ceardlann i bpleanáil spriocanna agus gníomhaíochta atá sa cheardlann deiridh den tsraith ina moltar do mhic léinn machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhí acu le linn an chláir agus ina ndéantar iad a chumasú maidir le spriocanna agus gníomhaíochtaí a leagan síos do na chéad chéimeanna eile ina straitéis i mbun post a lorg.

Tá an-tairbhe le baint ag gach páirtí leasmhar as an gclár. Thug fostóirí a chuaigh i gcomhpháirtíocht leis an gclár le fios gur mhéadaigh an clár ar an teacht atá acu ar ghrúpaí ardoilte a thugann leo peirspictíochtaí agus éagsúlacht nua chuig a gcuid eagraíochtaí. Thar aon ní eile, léirigh aiseolas na mac léinn gur tháinig méadú ar a gcuid féinmhuiníne agus go bhfuil siad níos muiníní as a n-inniúlachtaí ag aistriú go dtí an t-ionad oibre agus tús a chur lena n-aistear gairme.

Campas Aoisbhá

Tá OÉ Gaillimh ag breathnú ar ainmniúchán 'Campas Aoisbhá' a bhaint amach trí thionscadal atá faoi stiúir na mac léinn, tionscadal ina raibh trí thionscnamh ar an gcampas i gceist a dhírigh ar fháilte a chur roimh an bpobal caidreamh a bhunú linn trí shiúlóid ar an gcampas, trí sheimineár poiblí agus trí ranganna ríomhaireachta. D'oibrigh mic léinn Eolaíochta Bithleighis sa dara bliain in éindí le Comhairle na Seanóirí agus le tacaíocht ón gclár ALIVE chun na trí imeacht seo a eagrú le feachtas ar son Ollscoil Aoisbhá a chur chun cinn. Tá curtha rompu ag na mic léinn dul i ngleic le trí phríomhréimse: feachtas ar na siúlóidí bithéagsúlachta ar an gcampas a ardú, rannpháirtíocht i dteicneolaíocht a spreagadh agus an clár 'Aoisbhá Éireann' a phlé.

Foireann an Tionscnaimh Campas Aoisbhá (ó chlé go deas) Joan Kavanagh, Cathaoirleach ar Chomhairle na Seanóirí de chuid Chlár Aoisbhá na Gaillimhe, agus Daire Smith, Donal Devane, Catherine Geoghegan, Anna Regan, agus Katen Duffy, mic léinn Eolaíochta Bithleighis sa dara bliain.



“Tá sé an-tábhachtach fáilte a chur roimh dhaoine aosta chuig ár n-ollscoil mar go spreagfaidh sé muid uile tabhairt faoi fholláine agus tuilleadh deiseanna cultúrtha, sóisialta agus oideachais a thapú” a deir Lorraine Tansey, Tionscnamh Eolais Pobail OÉ Gaillimh (CKI). “Is iad na príomhspríocanna ar an iomlán campas ollscoile níos éagsúla a chruthú, níos mó rannpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus dul i ngleic le steiréitíopaí agus troid i gcoinne an aoiseachais.” Tá pobail atá ag dul in aois aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte mar phríomhábhar suntais do chathracha, d’ospidéal agus d’institiúidí oideachais a bhíonn ag dul i ngleic go réamhghníomhach le riachtanais éagsúla atá ag dul i méid.

Reáchtáladh trí imeacht i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2020. Bhí gach imeacht saor in aisce, oscailte do chách agus faoi stiúir na mac léinn.

1. Reáchtáladh Siúlóid Aoisbhá Dé Luain, an 17 Feabhra ag 11pm. I ndiaidh an turas seo ar an

gcampas, a mhair uair an chloig, cuireadh tae agus caife ar fáil do na rannpháirtithe agus cothaíodh ceangail le nuachtlitreacha áitiúla agus le grúpaí atá ar scor.

2. Reáchtáladh Ranganna Ríomhaireachta Aoisbhá do 32 duine thar thrí sheisiún agus bhí ochtar mac léinn ag freastal ar gach seisiún ag cur fáilte rompu agus oideachas ar fáil
3. Tionóladh seimineár maidir le hAinmiú Aoisbhá do OÉ Gaillimh an 10 Márta. Thug an t-aoichainteoir an Dr Kieran Walsh, Ollamh le hAosú agus Beartas Poiblí léargas ar na tionscnaimh náisiúnta i dtaca le hAoisbhá. Rinne Aoisbhá Éireann an seimineár a thionól agus fuair Tionscnamh Eolais Pobail OÉ Gaillimh an-aiseolas ón bpobal agus an-spéis acu in ILAS agus sa taighde atá ar siúl ann.



Grúpa
Tionscnaimh
Aoisbhá



5. EDI: FORBAIRTÍ AG LEIBHÉAL NA SCOILE & AN CHOLÁISTE

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh (CASSCS)

Leas-Déan EDI: An Dr Gerry Molloy

Tá an Leas-Déan seo de EDI agus coiste comhairleach EDI an Choláiste ina tré bliain anois. Le linn na tréimhse seo tá nó bhí na baill seo a leanas ar an gcoiste comhairleach:

Niamh Reilly (Eolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht), Kevin Davison (Oideachas), Marie Mahon, Ulf Strohmayer, Mary Green (Scoil na Tíreolaíochta, na Seandálaíochta agus an Léinn Éireannaigh), Frances McCormack, Marianne Ní Chinnéide (Béarla agus na hEalaíona Cruthaitheacha), Hans Walter Schmidt-Hannisa (Teangacha, Litríochtaí, & Cultúir), Sarahanne Buckley agus Laurence Marley (Stair agus Fealsúnacht). Tá ról EDI anois ag gach scoil CASSCS laistigh dá struchtúir agus dá bpróisis. D'fhonn ár mballraíocht a mhéadú tá sé mar aidhm againn baill choiste comhairleach EDI a mhealladh ó fhoireann ghairmiúil agus taighde an Choláiste i rith na bliana seo chugainn.

Péire de phríomhréimsí gníomhaíochta EDI in CASSCS le bliain anuas ná:

- Forbairt struchtúir agus phróisis Athena SWAN
- Cur le polasaithe ciaptha agus gnéaschiaptha na hOllscoile

Athena SWAN

Le linn 2019 rinne Foireann Féinmheasúnaithe (SAT) Scoil na Síceolaíochta suirbhé ar chultúr foirne agus mac léinn agus fócasghrúpaí foirne agus mac léinn mar chuid dá bhFéinmheasúnú Athena SWAN. Tá an chéad dréacht dá n-iarratas ar Ghradam Cré-umha Athena SWAN curtha i gcrích ag an SAT agus cuirfidh siad an t-iarratas seo isteach in 2020. Mar chuid de ghníomhaíocht ATHENA SWAN an Choláiste thionóil an Leas-Déan cuairt ón Dr Iona Latu, Scoil na Síceolaíochta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Thug an Dr Latu seimineár ar 'Shíceolaíocht Inscne: Impleachtaí do Thionscnaimh Athena SWAN' ar an 19 Feabhra 2020. B'ionann an ócáid seo agus tús le seimineár ar théama EDI

a bheidh ag Scoil na Síceolaíochta gach bliain chun aird a tharraingt ar thaighde a bhaineann le príomhréimsí EDI a bhfuil an Scoil, an Coláiste agus an Ollscoil ag díriú orthu e.g. comhionannas inscne, míchumas, sláinte LGBT+, éagsúlacht chultúrtha agus leathnú rochtana agus rannpháirtíochta. Tá scoileanna eile in CASSCS ag iarraidh a fháil amach an bhféadfaidís SATanna Athena SWAN a bhunú i mbliana.

Polasaithe maidir le ciapadh agus gnéaschiapadh

Le linn 2019 chuidigh coiste comhairleach EDI an Choláiste leis an athbhreithniú ar pholasaí maidir le Ciapadh agus Gnéaschiapadh don Fhoireann. In obair ghaolmhar bhí baint ag an Leas-Déan agus ag baill an Choláiste le Grúpa Oibre OÉ Gaillimh ar Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe. Is é seo 'An Creat le haghaidh Toiliú in Institiúidí Ardoideachais' a bhfuil sé mar aidhm aige foréigean gnéasach agus ciapadh in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a chosc. Bhí an Dr Pádraig MacNeela ó Scoil na Síceolaíochta ar thús cadhnaíochta san obair seo san Ollscoil agus go deimhin go náisiúnta mar bhall den ghrúpa comhairleach saineolaithe a scríobh an Creat ó bhun. Tá Pádraig in éineacht leis an Dr Siobhán O'Higgins, agus an Dr Kate Dawson ó Scoil na Síceolaíochta, agus an Dr Charlotte McIvor ón Ionad don Léann Drámaíochta agus Amharclannaíochta i gceannas ar an gClár Toilithe Cliste freisin. Díríonn an clár ar dhaoine óga idir 16-23 bliain d'aois d'fhonn cur chuige dearfach a chur chun cinn maidir le ceist thábhachtach an toilithe ghnéasaigh.

Ghlac an Leas-Déan áit le déanaí ar ghrúpa oibre nuabhunaithe chun Rochtain a Mhéadú atá mar chuid de choiste campais EDI agus atá faoi stiúir an Stiúrthóra ar Sheirbhísí do Mhic Léinn. Beidh obair an ghrúpa seo le feiceáil i ngníomhaíocht EDI an Choláiste i rith na bliana seo romhainn.

Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta (CoSE)

Leas-Déan nua Choláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta, iarLeas-Déan EDI Choláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice – Mary Dempsey, Uasal

Mary Dempsey, Leas-Déan EDI



An Dr Gerry Molloy, Leas-Déan EDI



Bunaíodh Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta (CoSE) i Meán Fómhair 2019 nuair a tugadh le chéile Coláiste na hEolaíochta agus Coláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice. Mar thoradh air seo chomh maith cruthaíodh dhá scoil nua; Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil na Ríomheolaíochta, rud a chiallaíonn go bhfuil 6 scoil faoin gColáiste. D'fhan an dá Leas-Déan Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a bhí sna coláistí mar a bhí ina bhfeighlithe ar ghníomhaíocht EDI go dtí Aibreán 2020.

I measc bhuaicphointí gníomhaíochta EDI Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil na Ríomheolaíochta bhí siad seo a leanas;

- Thionóil OÉ Gaillimh agus GMIT an ceathrú ceardlann de Lónra na hÉireann do Chomhionannas Inscne in Institiúidí Náisiúnta 3ú Leibhéal Ríomhaireachta (Ingenic) in OÉ Gaillimh in 2019. D'fhreastail ionadaithe ó IT Cheatharlach, GMIT, OÉG, IADT Dhún Laoghaire, IT Leitir Ceanainn, IT Shligigh, Ollscoil Teicneolaíochta, Campas Bhaile Átha Cliath, IT Luimnigh, UCC, TCD, agus IT Dhún Dealgan.
- Mar chuid de Sheachtain Innealtóirí 2020 'Cé atá ag iarraidh a bheith ina shárloch?!' cuireadh seónna Eolaíochta agus Innealtóireachta ar siúl do 350 gasúr bunscoile. D'éagraigh an Dr Magdalena Hajdukiewicz agus an Dr Jamie Goggins i gcomhar le clár STEPS Engineers Ireland na seónna seo. Mheall Innealtóireacht Ár dToghcháí: Lá Spraoi Teaghlaigh a d'éagraigh an Dr Magdalena Hajdukiewicz, an Dr William Finnegan agus an Dr Jamie Goggins thart ar 1400 cuairteoir freisin
- Scoláireachtaí coláiste do bheirt mhac léinn innealtóireachta chun freastal ar an Acadamh Samhraidh Idirnáisiúnta in Innealtóireacht do Mhná in Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha san Ostair Uachtarach. Is dianchúrsa coicís go leith é a reáchtáilann an tAcadamh, a ghlacann le mic léinn bhaineanna ó 15 thír dhifriúla. Bíonn meascán den teoiric agus den taithí phraiticiúil san innealtóireacht, san ionformaitic agus sna heolaíochtaí nádúrtha ar an gclár. I bpróiseas an-iomaíoch, bhain seisear mac léinn OÉ Gaillimh san innealtóireacht agus san eolaíocht scoláireacht amach chun freastal ar an Acadamh ó 2017 i leith.
- An clár trí lá Innealtóireachta Sibhialta don Idirbhliain a d'éagraigh an Dr Indie Olbert i gcomhpháirtíocht le Arup Consultancy a raibh 44 dalta (41% baineann) as 21 scoil rannpháirteach ann.



Ócáid
Innealtóireachta
Sibhialta don
Idirbhliain, 2019



Acadamh Samhraidh
Idirnáisiúnta in
Innealtóireacht do
Mhná in Ollscoil
na nEolaíochtaí
Feidhmeacha, Grúpa
2019

- Tairgeadh Scoláireachtaí Boston College, SAM, a chruthaíonn eispéireas uathúil seachtaine ar champas ollscoile idirnáisiúnta chun muintearas a spreagadh do naonúr céimithe ar chlár for-rochtana Acadamh Óige OÉ Gaillimh.

I measc bhuaicphointí gníomhaíochta EDI na hInstitiúide Eolaíochta Sonraí bhí;

- Cainteanna Feasachta
- Forbairt Taighdeoirí: Sinead Beacom, Ceann, an tIonad Forbartha Taighdeoirí.
- Oilíúint i gClaontacht Neamh-Chomhfhiosach: Aoife Cooke, Ceannasaí Comhdhiseanna
- Bród LGBTQ+: Bianca Pereira agus Brendan Smith DSI agus Morgan Queeney, Oifigeach Cearta Inscne agus LGBTQ+ Chomhaltas na Mac Léinn
- Mí Ilchultúrtha
- Abhcóideacht: Saoire mháithreachais le pá do mhic léinn – san áireamh i gclár oibre na bhfóram iolrach: Cur i láthair ar Chomhionannas Inscne SFI in OÉ Gaillimh, Lónra Cleachtóirí Athena SWAN, comhairliúchán Luachanna OÉ Gaillimh, díospóireachtaí Straitéise OÉ Gaillimh.

I measc phleananna 2020/21 tá siad seo a leanas;

- Comhoibriú le Johnson & Johnson ar a dtionscnamh WISTEM2D a thacaíonn le mná i réimsí STEM2D

- Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair ag réachtáil comhdháil ar Éagsúlacht sa Slabhra Soláthair
- Tá Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil na Ríomheolaíochta ag obair chun comhiarratas Áirgid Athena SWAN a chur isteach in 2021

Buaicphointí EDI Scoileanna na Ceimice, na Matamaitice, na nEolaíochtaí Nádúrtha agus na Fisice

IarLeas-Déan EDI Choláiste na hEolaíochta: An Dr Niall Madden

Tá SATanna Athena SWAN gníomhacha ag na ceithre scoil anois. Bunaíodh trí cinn díobh sin le 12 mhí anuas. Tá sé beartaithe ag na ceithre scoil iarratas ar ghradam Athena SWAN a chur isteach in 2020. Bhí an bhéim le bliain anuas ó thaobh gníomhaíochtaí scoilbhunaithe ar ullmhú na n-iarratas seo, agus a bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais.

Tháinig an obair seo leis na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí rialta a bhíonn ar siúl a fhéachann lenár scoileanna a dhéanamh níos cuimsithí. Áirítear orthu sin

- Seimineár a thionóil an Coláiste, Comhaltas na Mac Léinn agus Leabharlann Uí Argadáin i bpáirt chun scrúdú a dhéanamh ar na bacainní ar rannpháirtíocht iomlán san ardoideachas, agus úsáid Téacsleabhar Oscailte agus acmhainní gaolmhara a chur chun cinn chun dul i ngleic leis na dúshláin seo
- Fostering Inclusion and Teaching Equality in a Modern Physics for Engineers Course: seimineár leis an Dr Jessica Hoehn (Ollscoil Colorado Boulder) a raibh an Dr Jessamyn Fairfield ina cheann feadhna air, Scoil na Fisice, an 9 Márta 2020.

Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte (CMNHS)

Leas-Déan EDI agus Folláine: An Dr Sinéad Lydon

Struchtúir EDI CMNHS:

Tá forbairt shuntasach déanta ar rialachas agus ar struchtúir EDI in CMNHS sa bhliain acadúil reatha. Cheap an Coláiste a chéad Leas-Déan do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Folláine i Meán Fómhair 2019 (an Dr Sinéad



*An Dr Sinéad Lydon,
Leas-Déan EDI &
Folláine*

Lydon) agus Bainisteoir Tionscadail Comhionannais agus Éagsúlachta (Tonya Watts, Uasal) i mí Feabhra 2020. Tá an fhoireann seo ag obair le chéile, i gcomhar le ceannaireacht an choláiste, chun plean gníomhaíochta agus tosaíochtaí coláiste a bhunú i ndáil le EDI agus chun clár oibre uailmhianach a chur i bhfeidhm a fheabhsaíonn dálaí oibre agus staidéir don fhoireann agus do na mic léinn go léir. Dá réir sin, chuir an Coláiste maoiniú tiomnaithe ar fáil chun tacú leis an obair atá dírithe ar EDI agus ar fholláine.

Tá sméar mhullaigh á cur ar bhallaíocht choiste Comhionannais, Éagsúlachta, Cuimsithe agus Folláine CMNHS, agus beidh sé ag feidhmiú faoi BA 20/21. Ar an gcoiste beidh ionadaithe de chomhaltaí foirne agus mic léinn a dhíreoidh ar an mbealach is fearr le dul i gcomhairle le pobal an Choláiste ar cheisteanna EDI agus folláine, tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tionchar a chinntiú do phobal an Choláiste, ag coinneáil síúil ar chur i bhfeidhm phleananna gníomhaíochta EDI na hOllscoile go háitiúil, agus ceannródáíocht a dhéanamh ar thionscnaimh nua a bhaineann le EDI agus folláine. Cé go raibh an obair in CMNHS go dtí seo dírithe den chuid is mó ar chomhionannas inscne, déanfaidh an coiste seo cinnte de go dtabharfar isteach níos mó gníomhaíochtaí EDI chun spriocréimsí mar mhíchumas, féiniúlacht inscne agus gnéasacht agus cine a chur san áireamh. Cuirfidh an Coiste struchtúr tuairiscithe ar fáil freisin do choistí EDI/Athena SWAN ag leibhéal na scoileanna lena chinntiú go bhfuil pobal an Choláiste ag obair le chéile go straitéiseach agus go héifeachtach.

Folláine:


Tá baint ag an bhfolláine mar réimse láir don CMNHS le tionchar EDI ar fholláine agus le riachtanas aitheanta folláine na foirne agus na mac léinn a mheas agus a fheabhsú. Tá iniúchadh ar thacaíochtaí agus ar acmhainní d'fholláine na mac léinn agus na foirne curtha i gcrích laistigh den CMNHS, agus beidh faisnéis le bailiú agus le cur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn. Breithneoidh ceannaireacht an choláiste na sonraí seo chun bonn eolais a chur faoin ngá atá le tuilleadh oibre i réimse agus cineál na hoibre sin. Bailíodh faisnéis agus acmhainní a bhaineann le folláine agus scaipeadh iad ar an bhfoireann agus ar na mic léinn ar fud an CMNHS nuair a dúnadh an Ollscoil mar gheall ar COVID-19.

Athena SWAN:

Tá coistí Athena SWAN curtha ar bun i ngach ceann de na trí scoil in CMNHS. Tá Scoil an Leighis ag obair ar a nGradam Cré-umha Athena SWAN a athnuachan tar éis dóibh Gradam Cré-umha a

Athruithe ar Líon/cion na mban ag Leibhéil Shinsearacha i Scoil an Leighis:

SONRAÍ 2016



LÉACHTÓIR
SINSEARACH



OLLAMH
PEARSANTA




OLLAMH
BUNAITHE


SONRAÍ 2019/20



LÉACHTÓIR
SINSEARACH



OLLAMH
PEARSANTA



OLLAMH
BUNAITHE

bhaint amach i mí na Samhna 2017. Tá an Scoil ag leanúint ar aghaidh ag cur a plean gníomhaíochta reatha chun cinn. I measc na ngníomhaíochtaí leanúnacha a cuireadh i gcrích le déanaí áirítear iad seo a leanas ar chuid díobh: Ócáid 'Humans of Healthcare' le linn Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020 a léirigh éachtaí agus eagna gairme beirt dár gcomhaltaí foirne acadúla ban; Tithe oscailte ag ionaid taighde na Scoile chun comhaltaí foirne a thabhairt le chéile; Cúrsa Oiliúna don Oiliúnoir chun leanúint den Oiliúint Ghníomhach Slua a éascú; Rannpháirtíocht mhéadaithe na mban mar chainteoirí i Mórhabhtaí, agus; Leathnú ar shraith Tacaíochta agus Forbartha Gairme Acadúla an CMNHS. Mar atá le feiceáil sa léaráid thíos, tá níos mó ban ag leibhéal Léachtóra Shinsearaigh agus Ollaimh Phearsanta ó baineadh amach Gradam Cré-umha 2018. Tá coiste na Scoile i mbun scrúdú a

dhéanamh ar na himpleachtaí eile ar an obair go dtí seo agus na réimsí ina bhfuil gá le feabhsú.

Tá Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais agus Scoil na nEolaíochtaí Sláinte ag obair ar iarratais den chéad uair ar Ghradam Cré-umha. Tá na Scoileanna seo ag tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le comhionannas inscne a mheas laistigh de dhisciplíní a bhfuil gannionadaíocht fear ag baint leo. Cuireann an dúshlán seo béim ar thábhacht an chomhionannais inscne do gach duine, toisc nach ceist na mban amháin í. Tionóladh roinnt imeachtaí sna scoileanna seo chun creat Athena SWAN a thabhairt isteach. Bhí an rannpháirtíocht go dtí seo ar fheabhas, agus thuairiscigh Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais ráta freagartha 100% dá suirbhé cultúir.

Tá Leas-Déan agus Bainisteoir Tionscadail E&D an Choláiste ina mbaill de choiste Athena SWAN gach Scoile. Tá siad ag obair chun tacú le forbairt agus le rath na n-iarratas agus chun a chinntiú go bhfeictear agus go ngníomhaítear ar dheiseanna comhoibrithe agus comhthionscnamh ar fud an choláiste.

Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí (CBPPL)

Leas-Déan EDI: An Dr Shivaun Quinlivan

Le 12 mhí anuas, tá an Leas-Déan EDI ag obair ar roinnt tionscadal:

1. Teagasc agus foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn
2. Athena SWAN a chur chun cinn in CBPPL.
3. Struchtúir EDI a fhorbairt i dt trí scoil an Choláiste.

Teagasc agus foghlaim chuimsitheach a chur chun cinn:

Geallann Comhshocrú an ÚAO le OÉ Gaillimh go dtacófar le forbairt iomlánaíoch ár bpobail mac léinn éagsúil. Is cuid lárnach den ghealltanais seo folláine na mac léinn agus go mothóidís muintearas laistigh dá bpobal foghlama. Tacaíonn cuimsiú le taithí oideachais níos tairbhiúla do gach mac léinn. Chun tacú leis na cuspóirí seo, rinne an Leas-Déan EDI, i gcomhar leis an Dr Lucy-Ann Buckley agus le Comhaltas na Mac Léinn dul chun cinn ar an dara bliain de phríomhthionscadal an CBPPL ar Theagasc agus Foghlaim Chuimsitheach. Tá sonraí bailithe ag an tionscadal sin (suirbhéanna, fócasghrúpaí agus agallaimh) thar dhá bhliain chun eispéireas na mac léinn a mheas. Sa bhliain acadúil 2019-2020 chuireamar oiliúint ar fáil ar theagasc agus ar fhoghlaim chuimsitheach le béim ar leith ar idirchultúrachas. Faoi dheireadh, bhí an-áthas orainn an chéad Ghradam Déin do Theagasc agus Foghlaim Chuimsitheach a bheith bronnta. Bhuaigh Danielle Martin (Coláiste na Sionna) an Gradam Aonair, agus bronnadh an Gradam Foirne ar an MSc Business Analytics (stiúrthóir an chláir:

Denis Dennehy). Ina theannta sin toisc go raibh an-chomórtas ann, tugadh moladh ar leith agus an dara háit roinnte do: Ursula Connolly (Dlí), Celine Ryan (Coláiste na Sionna) agus Noel Carroll (SBE).

Athena SWAN:

Geallann OÉ Gaillimh, i bPlean Gníomhaíochta Athena SWAN agus i gComhshocrú an ÚAO, príonsabail Athena SWAN a leabú i gcultúr na hOllscoile. Chun tacú leis na cuspóirí seo, d'aontaigh an Coláiste go ndéanfadh na trí scoil iarratas agus go dtosóimis le Scoil an Ghnó agus na hEacnamaíochta (SBE). Bhunaigh an SBE foireann féinmheasúnaithe agus tá rún aici iarratas a dhéanamh i mbabhta Aibreán 2020. Déanfaidh Scoil an Dlí iarratas ina dhiaidh sin agus tá Coiste EDI bunaithe aici d'fhonn an Coiste sin a bheith i gceannas ar an SAT ag tosú i Meán Fómhair 2020.

Struchtúir EDI:

Thosaigh an Leas-Déan EDI ag forbairt struchtúir EDI laistigh den CBPPL. Bhí Coiste Comhionannais ag SBE cheana féin mar sin dírdíodh ar Scoil an Dlí agus ar Choláiste na Sionna. Tá Coiste EDI bunaithe ag Scoil an Dlí agus tá tiomantas aici go léireofar ballraíocht ar an gcoiste seo in ualach oibre na gcomhaltaí foirne ó Mheán Fómhair 2020. D'aontaigh Coláiste na Sionna i bprionsabal an coiste EDI a bhunú, ach, bhí tionchar ag paidéim Covid-19 ar dháta tosaigh an choiste seo. Tá sé beartaithe nuair a bheidh na trí choiste ar bun go mbunófaí Coiste EDI an Choláiste agus go mbeadh cathaoirligh na gcoistí scoile ábhartha ar an gCoiste sin.



An Dr Shivaun Quinlivan, Leas-Déan EDI



Ursula Connolly (Dlí), an Breitheamh Francis Comerford, an Breitheamh Leona Theron, an Breitheamh Máire Whelan

6. ACHOIMRE AR LÍONRAÍ FOIRNE 2019/2020

Gréasán Ban na hOllscoile

Bhí Gréasán Ban na hOllscoile (UWN) ag ceiliúradh ocht mbliana ar an bhfód i Márta 2020 agus tá bród orthu bliain ghníomhach tháirgiúil a thuairisciú inar tháinig fás leanúnach ar an mballraíocht. I gcomhar le Scoil an Dlí, thionóil an Gréasán Ban dara Mórléacht Bhliantúil Sheehy Skeffington, agus cuireadh fáilte roimh an mBreitheamh Leona Theron chuig OÉ Gaillimh an 27 Meán Fómhair 2019. Bhí a muintir bocht agus d'éirigh leis an mBreitheamh Theron a bealach a oibriú go dtí an chúirt is airde i bPoblacht na hAfraice Theas. Rugadh í le linn na cindeheighilte san Afraic Theas agus tógadh í i mbaile bocht deighilte in KwaZulu-Natal. Rinne sí staidéar ar an dlí in Ollscoil Natal, agus bronnadh Scoláireacht Fulbright uirthi le tabhairt faoin staidéar i SAM. Rinne sí Máistir Dlí ansin in Ollscoil Georgetown in Washington DC agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sí don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus do ghnólacht aturnaetha in Los Angeles. D'fhill sí ar an Afraic Theas chun dlí a chleachtadh agus in 2017 ceapadh í ar Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na hAfraice Theas. Turas iontach inspioráideach a bhí aici go dtí seo. Is breitheamh inspioráideach í chomh maith. Tá aithne mhaith uirthi as roinnt breithiúnas mór le rá agus, go háirithe, as a cosaint ar chearta na mban. Mar shampla amháin, rinne sí easaontú cumhachtach ar laghdú pianbhreithe éigneora ciontaithe i gcás Nkomo – san easaontú sin chuir sí béim ar an ngá a bhaineann leis na cúirteanna teachtaireacht shoiléir a sheoladh chuig an bpobal go bhfuil rún daingean acu comhionannas, dínit agus saoirse na mban go léir a chosaint.

Labhair an Breitheamh Theron ar ábhar an chomhionannais agus fiafraíonn sí “An bhfuil gealltanais nua na hAfraice Theas maidir le fíor-chomhionannas ina réaltacht nó ina aisling fós?” Chuir sí sméar mhullaigh ar an bpáipéar inspioráideach seo le léiriú oiriúnaithe ar dhán álainn Maya Angelou, “Still I Rise.”

Is é cuspóir Shraith Mhórléachtaí Sheehy Skeffington aitheantas a thabhairt don mhisneach agus don bhuanseasmhacht a léirigh Micheline Sheehy Skeffington agus í ag labhairt faoin éagóir a léirítear do mhná anseo in OÉ Gaillimh. Tá sé deacair an fhírinn a rá os comhair iad sin atá i gcumhacht, agus go deimhin d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil sé i bhfad níos deacra an fhírinn a rá os comhair iad sin atá i gcumhacht nuair a chuimsíonn siad sin do chairde, do chomhghleacaithe agus d'fhostóir. D'athraigh Micheline an ollscoil seo,

ach i bhfad níos suntasaí ná sin chuaigh sí féin agus an cúigear ban a lean í i bhfeidhm ar Earnáil Ardoideachais na hÉireann ar fad, chun ár leasa go léir.

Ba mhaith le Scoil an Dlí agus Gréasán Ban na hOllscoile go leanfadh an Ollscoil uirthi ag baint leas as an oidhreacht sin. Déanann an tsraith léachtaí ceiliúradh ar dhaoine a léirigh an misneach éagóir a fhógairt agus a sheas i gcoinne na hanachana. I bhfianaise seo, ba rogha oiriúnach cainteora a bhí sa Bhreitheamh Theron.

Shivaun Quinlivan, an Breitheamh Theron, Micheline Sheehy Skeffington, Rachel Hilliard




Líonra LGBT+

Bhí bliain ghnóthach agus rathúil ag Líonra Foirne LGBT+. Ar an 13 Lúnasa, shiúil baill de Líonra Foirne LGBT+, comhaltaí foirne agus mic léinn taobh thiar de bhritach OÉ Gaillimh le linn Mhórshíúil bliantúil Bróid na Gaillimhe trí lár chathair na Gaillimhe. Ina dhiaidh sin ar an 9 Nollaig, ag ócáid lóin in Ionad Uí Dhonnchadha don Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Taibhléiríú, labhair Ailbhe Smyth ar an téama ‘An Pobal Aiteach ar an gCampas – Ollscoileanna mar Uirlisí chun Athrú a thabhairt i gcrích’. Ar an 3 Márta 2020, léirigh Líonra Foirne LGBT+ OÉ Gaillimh agus rinne siad ceiliúradh ar mhná a bheith i gceannas ar fhorhmhór ár n-eagraíochtaí LGBT+ áitiúla agus náisiúnta. Bhí plé painéil againn ar “Mná agus Ceannaireacht sa Phobal LGBT+” in Áras Uí Argadáin agus bhí Lisa Connell (Eagarthóir Bainistíochta, Gay Community News), Aoibhinn Keighron (Cathaoirleach, Bród na Gaillimhe) agus Sharon Nolan (Comhordaitheoir, Bi+ Ireland) inár dteannta.

Forbairt dhearfach eile a rinne an Líonra is ea go ndearnadh iarratas ar Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta agus go bhfuarthas maoiniú do thionscadal píolótach dar teideal Mapping LGBTQ+ Lives at NUI Galway a bhfuil sé mar aidhm aige iniúchadh a dhéanamh ar ról OÉ Gaillimh agus eile i ngníomhaíocht

Ag leanúint lenár
ngníomhaíochtaí i ngéarchéim
Covid-19 – Maidin chaife LGBT+,
Dé Luain, 6 Aibreán 2020



Painéal
Ceannaireachta
na mBan le Caroline
Loughnane, Aoife Cooke,
an tOll. Carmel Malone, an
tOll. Anne Scott, an Dr Orla
Flynn (Uachtarán, GMIT), an
tOll. Laoise McNamara

agus i saol cultúrtha LGBT+ i nGaillimh agus in
iarthar na hÉireann. Níl an tionscadal seo ach ina
thús agus táthar ag súil go dtosófar ag bailiú sonraí
go luath, faoi réir shrianta COVID 19.

An Líonra Foirne Idirnáisiúnta (ISN)


Le linn na bliana acadúla 2019/2020, tosaíodh
agus rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt líonra do
chomhaltaí foirne idirnáisiúnta in OÉ Gaillimh. Ar
an 28 Bealtaine 2019 tionóladh an chéad chruinniú
líonraithe d'fhoireann idirnáisiúnta agus do chairde.
Áiríodh leis an imeacht seo plé painéil inar pléadh
na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le
hidirnáisiúnta. I mí an Mheithimh 2019, seoladh léiriú
spéise chuig an bhfoireann uile páirt a ghlacadh
i bhforbairt an líonraithe seo, agus thug breis is
70 freagra air agus ghlac 23 ról ceannaireachta i
nGrúpa Stiúrtha Forbartha.

I mí Iúil 2019, rinne an Grúpa Stiúrtha Forbartha
suirbhé gairid orthu siúd a chuir spéis sa líonra le fáil
amach cérbh iad príomhchuspóirí an líonraithe dar
leis an bhfoireann. Áiríodh feasacht idirchultúrtha
agus comhionannas deiseanna agus acmhainní
mar riachtanais fhollasacha, mar aon leis na
tacaíochtaí sóisialta ar féidir le líonra foirne a chur
ar fáil. Ina dhiaidh sin thosaigh foghrúpa ag obair ar
bhunreacht a chur i dtoll a chéile le haidhmeanna
agus le cuspóirí an líonraithe nua seo a leagan
amach. I mí na Samhna 2019, rinneadh Bunreacht

ISN a fhaomhadh trí vóta na mball agus bunaíodh
an líonra go foirmiúil.

Faoi Eanáir 2020, chuir baill den Ghrúpa Stiúrtha
Forbartha iad féin chun tosaigh ar bhonn
deonach do ról cheannaireachta ar an gCoiste
Feidhmiúcháin nuabhunaithe. Lean an Coiste
Feidhmiúcháin chun cinn ag súil leis an ISN a
sheoladh go foirmiúil i Márta 2020 ach cuireadh
imeacht an tseolta fhoirmiúil ar athló de bharr
phaindéim COVID-19. Tá súil ag an gCoiste
Feidhmiúcháin go réachtálfar imeacht seolta ina
gceiliúrfar agus ina mbaileofar le chéile comhaltaí
foirne idirnáisiúnta sa bhliain acadúil nua.
Idir an dá linn, seoladh an Líonra go fóirúil ar an
7 Bealtaine le **focal fáiltithe agus tacaíochta
ón Uachtarán Ciarán Ó hÓgartaigh**, mar aon le
moladh do gach comhalta foirne idirnáisiúnta a
gcuid ballraíochta a chlárú agus dul i dteagmháil
leis an Líonra. Cé nár ceiliúradh bunú an Líonra go
foirmiúil fós, tá an ISN bunaithe agus ag obair go
dian le teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe
OÉ Gaillimh chun ár gcomhluachanna lena
n-áirítear meas agus oscailteacht a bhaint amach, a
bhuíochas le fíis agus le hobair sheasta ár gcomhaltaí
foirne idirnáisiúnta díograiseacha. Nuair a cuireadh
tús leis an líonra bhí sé i gceist glór agus fíis shoiléir
ar mhaithe le cuimsiú agus le hionadaíocht in OÉ
Gaillimh a chur ar fáil. Agus muid ag dul chun cinn
is iad seo a leanas ár bpríomhchuspóirí:

- Leasa na foirne idirnáisiúnta in OÉ Gaillimh a
chosaint agus a chur chun cinn
- Timpeallacht chuimsitheach a chruthú do
chomhaltaí foirne de gach náisiúntacht in OÉ
Gaillimh
- Éascaíocht a dhéanamh ar líonrú sóisialta agus
gairmiúil do chomhaltaí foirne idirnáisiúnta
- Ionadaíocht a dhéanamh agus feasacht a
mhúscailt ar ábhar imní na gcomhaltaí foirne
idirnáisiúnta
- Cur le cultúr na héagsúlachta, na
cuimsitheachta agus an chomhionannais, in
OÉ Gaillimh agus sa
tsochaí níos leithne,
agus cur ar chumas
OÉ Gaillimh amhlaidh
a dhéanamh



An Dr Srinivasan
Raghavendran,
Tonya Watts, an Dr
Dinali Wjeratne,
Aoife Cooke, an tOll.
Anne Scott

7. TUAIRISCIÚ AR BHEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ - BLIAIN 2

Chuir Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta (OVPED), le tacaíocht ó Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT), tús le Tionscadal na Bearna Pá idir na hInscní (GPG) in OÉ Gaillimh agus rinne ár gcéad GPG do shonraí párolla 2018 a thuairisciú i dtuarascáil bhliantúil EDI 2018/19. D'oibrigh grúpa oibre a raibh baill den OVPED, Nicola McNicholas, Uasal agus an Dr Niall Madden rannpháirteach ann le comhairleoirí seachtracha, PwC d'fhonn an tuarascáil GPG don bhliain 2019 bunaithe ar shonraí párolla ó Mhárta 2019 a réiteach. Ceapadh PwC le hoibriú i dteannta leis an Ollscoil chun anailís bhliantúil a dhéanamh ar an mbearna phá don dá bhliain atá le teacht agus chun comhairle a thabhairt maidir leis na riachtanais tuairiscithe náisiúnta is dóichí, i riocht agus go mbeifear ullamh don tráth a mbeidh tuairisciú bliantúil GPG ina riachtanas dlíthiúil in Éirinn. I Straitéis 2020-2025 tá tiomantas tugtha ag OÉ Gaillimh do chúngú suntasach a dhéanamh ar an mbearna phá thar shaolré na straitéise. Tá an GPG deartha lena mhéad a dhéantar ionadaíocht ar mhná go cothrom ar fud eagraíochta a léiriú, i dtéarmaí tuarastail. Is í an difríocht sa mheánphá in aghaidh na huairé do mhná i gcóimheas le macasamhail na bhfear in eagraíocht ar leith, beag beann ar an obair, ar an ról, nó ar sinsearachta atá i gceist².

Níor chóir GPG a mheascadh leis an gcoincheap pá comhionann as obair chomhionann (cothroime phá). Cé go mbíonn tionchar ag ceisteanna maidir le cothroime phá ar an mbearna phá is amhlaidh freisin go mbíonn tionchar ag gnéithe tábhachtacha eile air amhail comhdhéanamh agus srathú an lucht saothair. Rinneadh athbhreithniú ar mheántuilleamh na foirne acadúla san Ollscoil, mar chuid dár n-iarratas Cré-umha Athena Swan, agus léiríonn na torthaí go follasach nach bhfuil fadhb maidir le cothroime phá ag OÉ Gaillimh. Mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise ár bpróifíle agus fearacht go leor institiúidí in Éirinn agus go leor ollscoileanna go hidirnáisiúnta, tá bearna shuntasach phá idir na hInscní in OÉ Gaillimh³. Mar sin féin is deas linn a thuairisciú go bhfuil feabhas 2% tagtha ar ár GPG ó rinneadh tuairisciú na bliana seo caite.

An Bhearna Phá idir na hInscní, OÉ Gaillimh: Sonraí, 31 Márta 2019

Is é 17.9% an mheánbhearna phá idir na hInscní, is é 12.0% an bearna airmheánach phá idir na hInscní

CATAGÓIR	MEÁNBEARNA	BEARNA AIRMHEÁNACH
2019	17.9%	12.0%
2018	20.0%	18.4%

OÉ Gaillimh v Institiúidí Tríú Leibhéal na Ríochta Aontaithe – Is é 15.1% an mheánbhearna phá thar an 228 Institiúid Ardoideachais sa Ríocht Aontaithe mar a thuairiscigh an THES i mí Feabhra 2020. Is é 14.8% an bearna airmheánach phá thar an 228 institiúid.

Is follasach an feabhsú ar an mbearna phá idir na hInscní in OÉ Gaillimh sna trí mhórchatagóir foirne:

CATAGÓIR	MEÁNBEARNA	BEARNA AIRMHEÁNACH
Foireann Acadúil 2019	21.3%	5.9%
Foireann Acadúil 2018	23.2%	11.8%
Foireann Seirbhísí Tacaíochta 2019	12.8%	10.2%
Foireann Seirbhísí Tacaíochta 2018	14.4%	16.8%
Foireann Taighde 2019	6.7%	0.0%
Foireann Taighde 2018	7.6%	0.0%


Ríomhtar an bearna phá i bhfianaise an 2,316 fostaí, ar fud gach catagóir foirne in OÉ Gaillimh.

²I gcás na foirne ar rátaí in aghaidh na huairé úsáidtear an fíor-ráta sna ríomhanna GPG. I gcás na gcomhaltai foirne sin nach bhfuil ar rátaí in aghaidh na huairé tá an ráta in aghaidh na huairé bunaithe ar thuarastal bliantúil arna roinnt ar 52 (seachtain) roinnte ar na huairéanta cúf in aghaidh na seachtaine de réir chonradh na catagóire foirne.

³Is éard atá i gceist le tuairisciú ar bhearna phá idir na hInscní ná an bearna mheánach agus airmheánach phá a thuairisciú. Is meán atá i gceist leis an meánbhearna phá idir na hInscní. Ríomhtar é trí thuarastail/tuilleamh na bhfostaithe fireanna agus bainéanna go léir a shuimiú agus a roinnt ar líon na bhfostaithe. Is í an bearna phá an difríocht idir na meánfhigiúirí (ar an meán) d'fhir agus do mhná, a thuairiscítear mar chéatadán de thuarastal/tuilleamh na bhfear. Ríomhtar an bearna airmheánach phá idir na hInscní trí thuarastail/tuilleamh na bhfear agus na mban a liostú ón gceann is airde go dtí an ceann is ísle agus an uimhir atá sa lár don dá inscne a chur i gcomparáid. Is í an mheánbhearna phá an figiúr is coitianta a thuairiscítear. Baintear úsáid as an bhfigiúr airmheánach pá chun eisceachtaí a láimhseáil – nuair a thuilleann duine amháin i bhfad níos mó ná an chuid eile den fhoireann.


Foireann OÉ Gaillimh de réir catagóire, cineál conartha, stádais (Márta 2019)

AONÁN FOSTAÍOCHTA




Acadúil
Riarachán
Taighde

CINEÁL CONARHTHA



Éiginnte
Buan
Sealadach

STÁDAS FOSTAITHE



Lánaimseartha
Páirtaimseartha

Seo a leanas roinnt de na bearta atá á ndéanamh ag OÉ Gaillimh chun an GPC a laghdú:

1. Tionscadal Arduithe Céime ina ndírítear ar arduithe céime chuig léachtóir sinsearach agus ollamh pearsanta – tacóidh an tionscadal le suas le 15 bhean in aghaidh na bliana ullmhú d'arduithe céime.
2. Táthar ag déanamh monatóireacht cháiréiseach ar ghrúpa iarratasóirí agus ar ghearrliostaí le haghaidh gach post sinsearach, gairmiúil agus acadúil. Is éard atá i gceist leis seo go bhfuiltear ag iarraidh go mbeidh ar a laghad 30% d'iarrthóirí bainearna i ngrúpaí iarratasóirí do gach post agus go mbeidh dáileadh 50:50 i ngearrliostaí do gach post sinsearach – ó thús na bliana acadúla 2019/2020 amach.
3. Cuireadh tús le próiseas ardaithe céime rollach maidir le hardú céime chuig Léachtóir Sinsearach agus chuig ollamh pearsanta (le dhá phointe iarratais gach bliain) i mí na Nollag 2019.
4. Tá sé i gceist Grád an Ollaimh Chomhlaigh a thabhairt isteach an athuir i Lúnasa 2021.
5. Tá deontais taighde do chúramóirí acadúla ag filleadh agus deontais d'fhorbairt acmhainne taighde Athena SWAN (suas le 10 in aghaidh na bliana) ar fáil ón mBliain Acadúil 2016-2017 i leith agus tá siad seanbhunaithe anois.
6. Táthar ag déanamh monatóireacht ar iarratais agus ar thorthaí na scéime Coinneála de réir inscne agus táthar ag déanamh tuairisciú bliantúil don Chomhairle Acadúil, EDICC agus Údarás na hOllscoile ó Mheitheamh 2019.
7. Tá an Stiúrthóir AD i dteagmháil le píaraí ar fud earnáil na hollscoile le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chuige earnála i leith Creat Mheastóireachta Poist a fhorbairt d'Fhoireann Riaracháin/Theicniúil. Is ceist shuntasach i gcónaí í seo d'earnáil na hollscoile in Éirinn ó chuir an Creat Rialaithe Fostaíochta cosc

ar arduithe céime a thabhairt d'fhoireann riaracháin/theicniúil.

8. Tá tacaíochtaí d'fhorbairt gairme agus ceannaireachta – Clár Forbartha Ceannaireachta Aurora ar fáil do suas le 20 bean in aghaidh na bliana ó gach catagóir foirne. Tá cláir forbartha gairme, cláir mheantóireachta agus/nó cláir chóitseála ar fáil do gach comhalta foirne OÉ Gaillimh.
9. Tá grúpa oibre faoi stiúir AD ar Fhostaíocht Neamhbhuan – ag socrú an t-am i láthair agus ag pleanáil don toadhcháí.
10. Tá an creat inniúlachta do ghráid riaracháin sa tréimhse phiolótach phleanála faoi láthair. Tá sé i gceist ag AD é seo a chur i bhfeidhm sa bhliain acadúil 2020/2021.
11. Cláir oiliúna do ghráid riaracháin, i.e. Gráid 2 - 5, chun a gcuid scileanna a fhorbairt do ról amach anseo.

Tá tiomantas tugtha ag OÉ Gaillimh iniúchtaí agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar an GPG.



An Dr Niall Madden, Iar-Leas-Déan EDI, Coláiste na hEolaíochta agus ball de Chrúpa Stiúrtha GPG OÉ Gaillimh

8. MEASTÓIREACHT AR AN gCLÁR AURORA (2015-2019)

Lennita Ruggi, iarrthóir PhD, Ionad Léann Domhanda na mBan.




Idir Lúnasa 2015 agus Lúnasa 2019, thacaigh OÉ Gaillimh le 75 bean páirt a ghlacadh sa chlár Aurora. Is clár forbartha ceannaireachta do mhná amháin é Aurora a chuirtear ar fáil do mhná atá ag feidhmiú suas go leibhéal an léachtóra shinsearaigh nó ag leibhéal coibhéiseach sna seirbhísí gairmiúla, a bhfuil spéis acu na bealaí chun cinn i dtreo ceannaireachta san ardoideachas a fhiosrú. Bhunaigh Advance HE an clár le dul i ngleic le gannionadaíocht sheasta na mban i bpoist cheannaireachta san ardoideachas.

I mí na Nollag 2019, tugadh cuireadh do rannpháirtithe freagra a thabhairt ar shuirbhé anaithnid chun a dtaithe a mheas agus cur chuige fianaise-bhunaithe a sholáthar le fáil amach ar thug, agus cá mhéad is a thug, rannpháirtíocht sa chlár spreagadh agus/nó tacaíocht do mhná in OÉ Gaillimh deis cheannaireachta a thapú. Fuarthas 41 freagra ar an suirbhé.


Freagróirí de réir Chatagóir na Foirne



52%
Acadúil



40%
Taighde



7.5%
Seirbhísí
Tacaíochta/
Gairmiúla

I measc na bhfreagróirí, bhí 92.5% ina gcomhaltaí foirne buana, bhí 97.5% ag obair go páirtaimseartha, agus bhí 80% ag obair in OÉ Gaillimh le breis is 10 mbliana. Bhí formhór (88%) idir 36 agus 55 bliain d'aois agus bhí 79% ina gcainteoirí dúchais Béarla. B'Éireannaigh iad formhór na bhfreagróirí (80%), ba as tíortha Eorpacha eile do 14% agus ba as tíortha neamh-OECD do 5%. I dtaca le heitneacht de, ba mar dhuine geal, Éireannach, Cugasach nó Eorpach a rinne 82% de fhreagróirí cur síos orthu féin agus thogair an 18% de na rannpháirtithe eile gan freagra a thabhairt ar an gceist seo. Thug 90% de fhreagróirí

le fios go raibh siad heitrichnéasach, thug níos lú ná 1% le fios go raibh siad déghnéasach, agus thogair 7.5% gan a gclaonadh gnéasach a nochtadh. Dhearbhaigh níos lú na 1% de fhreagróirí go raibh míchumas orthu agus thug níos lú ná 1% le fios go raibh siad trasinscneach. Thug 80% de fhreagróirí le fios go raibh dualgas cúraim amháin nó níos mó ná dualgais cúraim amháin orthu.

Rinne rannpháirtithe meastóireacht dhearfach ar an gClár Aurora tríd is tríd:

- D'aontaigh 72.5% gur éirigh leis an gclár dul i ngleic lena gcuid dúshlán ceannaireachta (i gcomparáid le 22.5% a d'easaontaigh leis sin agus 5% a thogair gan freagra a thabhairt).
- D'aontaigh 65% go raibh tábhacht nó an-tábhacht le páirt a ghlacadh sa chlár Aurora i dtaca lena spriocanna gairme de. Bhain freagraí na bhfreagróirí ar an gceist leis an tairbhe a baineadh as páirt a ghlacadh sna roghanna ar leith 'féinmhuinín mhéadaithe', 'líonra fairsingithe', agus an fhorbairt ar 'eolas, scileanna agus iompar ceannaireachta', a roghnaigh níos mó ná 50% de fhreagróirí.
- Mheas formhór na bhfreagróirí (83%) go mbeadh tairbhe nó an-tairbhe le baint as freastal ar chlár ceannaireachta a d'éascófaí go seachtrach, cé go bhfuair foireann taighde easpa tacaíochta óna scoileanna i dtaca le costais taistil i gcásanna áirithe.
- Dúirt 87% de fhreagróirí gur thug siad faoi dheiseanna ceannaireachta ó ghlac siad páirt sa chlár Aurora, cé go raibh níos lú ná 5% nár thug. Orthu siúd nár thug, luaigh 15% gurbh easpa deise, luaigh 8% gurbh easpa ama agus thug ní ba lú ná 5% le fios gurbh iad cúinsí pearsanta ba chúis leis sin. Níor luaigh aon fhreagróir easpa muiníne mar chúis nár thug siad faoi dheiseanna ceannaireachta.

Thug rannpháirtithe le fios gur dúshlánaí iad dúshláin cheannaireachta institiúideacha ná dúshláin phearsanta agus dúirt siad go gcuirfí fáilte roimh thairiscint ar bhreis oiliúna ceannaireachta.



*Lennita Ruggi,
iarrthóir PhD*

9. TIONSCNAMH DO CHEANNAIREACHT SHINSEARACH ACADÚIL (SALI)

Seoladh an Tionscnamh SAL arna réachtáil ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) i Meitheamh 2019. Is príomhchuspóir de chuid an tionscnaimh iarrthóirí ban den chéad scoth a mhealladh ó earnálacha an Ardoideachais faoi láthair agus ón gcoigríoch. Cuideoidh an tionscnamh le líon na mban a mbíonn páirt acu sna próisis chinnteoireachta in institiúidí Ardoideachais a mhéadú, mar a mholtar i Straitéis Choimisiún na hEorpa i dtaca le Comhionannas sa Chinnteoireacht a Chur Chun Cinn.

Tar éis próiseas iomaíoch a bhain leis an gcéad ghlaio de thrí ghlaioch bhliantúla ar iarratais ó institiúidí Ardoideachais, rinne an tÚdarás um Ardoideachas faomhadh ar dhá phost shinsearacha ceannaireachta acadúla do OÉ Gaillimh i réimse na hInnealtóireachta agus i réimse Sláinte Daoine Scothaosta le cuidiú le dlús a chur le cothroime inscne ag leibhéil shinsearacha agus le cuidiú le comhionannas in earnáil an ardoideachais.

Is poist nua iad na poist bhreise seo do OÉ Gaillimh agus don earnáil, agus maoiníofar iad trí mhaoiniú nua agus breise a chuirfidh an DES ar fáil go sainiúil d'fhonn cothroime inscne a chur chun cinn i measc na foirne acadúla ag leibhéil shinsearacha. Maoiníodh poist shinsearacha ceannaireachta acadúla nua agus bhreise i réimsí:

- ina bhfuil fianaise fhollasach ar ghannionadaíocht shuntasach inscne;
- ina mbeidh tionchar suntasach ag an gceapachán seo laistigh den dámh/roinn/aonad feidhmiúil agus den Institiúid Ardoideachais;
- ina mbeadh caoi chomhréireach éifeachtach le hathrú géaraithe agus inbhuanaithe a bhaint amach laistigh d'institiúid.

Rinne painéal measúnaithe de Shaineolaithe Idirnáisiúnta a raibh deich mball páirteach ann, a raibh saineolas ar chomhionannas inscne ag gach aon bhall, agus a raibh saineolas i réimse leathan

agus ag leibhéal straitéise acu chomh maith, na hiarratais a mheas.

Tháinig an Painéal Measúnaithe ar bhreithiúnas ginearálta caighdeáin agus thug siad moltaí deiridh don ÚAO. D'fhonn tionchar ar bhonn náisiúnta agus ar fud na hearnála a bheith i gcomhréir le sainchuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach, mhol an Painéal go ndéanfaí dhá phost ar a mhéad do gach Institiúid Ardoideachais a mhaoiniú. Ba é an aidhm a bhí leis an moladh seo a chinntiú go mbainfí leathadh institiúideach agus geografach amach le cuidiú le dlús a chur le cothroime inscne ag leibhéil shinsearacha ar fud chóras ardoideachais na hÉireann.

Ag éirí leo na poist mar Ollamh Bunaithe le hInnealtóireacht agus Ollamh Bunaithe le Sláinte Daoine Scothaosta agus Comhairleoir Seanliachta a dhaingniú, faoi choimirce an tionscnaimh seo, shonraigh an Painéal Measúnaithe an méid seo a leanas:

“Tá OÉ Gaillimh ag gabháil go gasta sa treo ceart le teann díocaís. Léiríonn na hiarratais an-dul chun cinn agus an-mhachnamh criticiúil, le tagairtí iomadúla don Phlean Gníomhaíochta Inscne. Ní hamháin go bhfuil go leor moltaí ó Ghrúpa Saineolaithe an ÚAO curtha i gcrích, ach tá bearta breise curtha i bhfeidhm freisin. Tá an-dúthracht léirithe ag an bhfoireann ceannaireachta agus tá aird cháiréiseach dírithe acu ar na constaicí tábhachtacha i ndul chun cinn gairme.”



Maíread Noyager, Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Diageo plc., ag labhairt ag Seimineár Bliantúil OÉ Gaillimh/Athena Swan – Mná i mbun Ceannaireachta, Deireadh Fómhair 2019

10. AN TEOLAS IS DEIREANAÍ I DTACA LE CLÁIR OIBRE CHOISTE CAMPAIS COMHIONANNAIS, ÉAGSÚLACHTA AGUS CUIMSITHE (EDICC)

Míchumas

Tugadh Treoir na Foirne maidir le Míchumas san Ionad Oibre chun críche agus cuireadh i bhfeidhm i measc comhaltaí foirne í sa Bhliain Acadúil 2019/20. Cuireadh tús le hoiliúint i bhfeasacht ar mhíchumas chun tacú le cur i bhfeidhm threoir na foirne i mí Feabhra 2020. Is do gach comhalta foirne an oiliúint seo agus go háirithe, d'aon chomhalta foirne atá freagrach as comhalta foirne eile i.e. bainisteoirí líne agus príomhthighdeoirí.

Bunaíodh Fóram Inrochtaineachta Traschampsais in 2019, le hionadaithe ó Chomhaltas na Mac Léinn, Cumann Impact, an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta agus Foirgnimh agus Eastáit. Chas an fóram le chéile trí huairte i gcaitheamh na bliana le freagra ildisciplíneach a thabhairt ar cheisteanna rochtana a bhí ag teacht chun cinn ar an gcampas.

Sruth Oibre Rochtana

Tá ról ceannasach glactha ag OÉ Gaillimh maidir le rannpháirtíocht san ardoideachas in Éirinn a fhairsingiú le scór bliain anuas, go háirithe mar cheannródaí i bhforbairt na gclár rochtana. Cé go bhfuil athrú tagtha ar an áit ina bhfuil an tIonad Rochtana i struchtúr na hOllscoile le himeacht ama, is seasta an tábhacht a bhaineann leis mar chroípháirt de chlár oibre OÉ Gaillimh i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú de. Tacaíonn bunú an tsrutha oibre go mór le hiarrachtaí na hOllscoile cur chuige córasach agus straitéiseach a ghlacadh i leith príomhshruthú a dhéanamh ar ár gclár oibre rannpháirtíochta atá ag leathnú i gcónaí. In Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna de chuid OÉ Gaillimh sonraítear gníomhaíochtaí sainiúla a bhaineann leis an sprioc seo lena n-áirítear príomhghníomhaíochtaí 2025 i dtaca le rochtain agus cuimsiú, go háirithe na croíluachanna i dtaca le hOscailteacht agus Barr Feabhais in OÉ Gaillimh.

Cuirfidh an tIonad Rochtana, an tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh agus Coláistí go mór leis na spriocanna seo; cuirfidh cur chuige trasinstitiúideach an cheannaireacht agus an fócas straitéiseach chun cinn leis na spriocanna maidir le rochtain a fhairsingiú agus rannpháirtíocht na mac léinn a leabú i ngach gné d'obair na hOllscoile.

Chas an Grúpa Oibre Rochtana le chéile den chéad uair i mí Feabhra 2020. Bhí ionchur suntasach ag an Dr Neil Spears, Ollscoil

Dhún Éideann (UoE), ag an gcéad chruinniú, agus díriodh ar na ceisteanna sóisialta agus ar na struchtúir a ndeachaigh UoE i ngleic leo; lena n-áiríodh bail agus staid straitéiseach na hoibre seo agus mar a thagann sé le luachanna na hollscoile. Chuir an t-ionchur seo comhthéacs leis an obair agus chuir sé ar chumas an Ghrúpa Oibre tosaíochtaí maidir le réimsí gníomhaíochta a bhunú don bhliain atá le teacht.



An Dr Neil Spears, Ollscoil Dhún Éideann

Comhionannas Inscne: Déanann OÉ Gaillimh beart de réir briathair i dtaca le Comhionannas Inscne BA 2016/17 – BA 2019/20

Cuirtear príomhghníomhaíochtaí le comhionannas inscne a chur chun cinn i láthair faoi cheithre chatagóir; Ceannaireacht & Rialachas, Polasaithe agus Nósanna Imeachta, Forbairt Acmhainne & Oiliúint agus Monatóireacht & Cur i bhFeidhm.

Ceannaireacht agus Rialachas

Ó 2016, tá struchtúir láidre bunaithe ag OÉ Gaillimh d'fhonn ceannaireacht, freagracht agus léargas i dtaca le comhionannas inscne agus éagsúlacht a chur ar fáil:

- Ceapadh Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta in 2016
- Bunaíodh Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta le beirt chomhaltaí foirne lánaimseartha
- 3 Choiste Institiúideacha dírithe ar Chomhionannas; EDIC, EDICC, SAT Institiúideach Athena SWAN
- Leas-Déan Comhionannais, Éagsúlachta, agus Cuimsithe i ngach Coláiste
- Plean Gníomhaíochta do Chomhionannas Inscne (GEAP) i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016, faomhadh an dara GEAP i Meitheamh 2019

- Grúpa Comhairleach Seachtrach: Cuirteanna bliantúla - tuarascálacha curtha faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus Údarás na hOllscoile
- Riachtanas faoi chomhair cothroime inscne ar choistí, painéil mheasúnaithe earcaíochta agus ardaithe céime agus grúpaí oibre (ar a laghad 40% fir agus 40% mná). Déantar cothroime inscne ar choistí a iniúchadh agus a thuairisciú go bliantúil.

Torthaí Iniúchadh 2019:


BALLRÁÍOCHT AN CHOISTE MAR A BHÍ I LÚNASA 2019	MNÁ	FIR
Údarás na hOllscoile	44%	56%
An Chomhairle Acadúil	46%	54%
Foireann Bainistíochta na hOllscoile	40%	60%
Fóram Stiúrthóirí Seirbhísí Tacaíochta	55%	45%
Cathaoirleach ar Choistí (don 107 coiste lánach/coláiste/scoile)	44%	56%

Tá **66%** de choistí ar an iomlán lánchomhlíontach, i.e. tá ar a laghad 40% fir agus mná ar choistí.

Tá **85%** de choistí lánacha lánchomhlíontach.



Tá **≥ 30%** fir agus mná ar

81% de choistí ar an iomlán.



COMHLÍONADH I NDÁIL LE COTHROIME INSCNE

98 Coiste Coláiste/ Scoile






Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Trí pholasaithe agus nósanna imeachta níos fearr a chur i bhfeidhm, tugadh tacaíocht don fhoireann comhionannas deiseanna a bhaint amach maidir le hardú céime agus earcaíocht


- Boird agallaimh atá cothrom ó thaobh inscne de (40% fir agus 40% mná ar a laghad)
- Monatóireacht ar chothromaíocht inscne i ngrúpaí iarratasóirí agus gearrliostaí le haghaidh earcaíochta agus ardaithe céime
- Déantar saoire a bhaineann le cúram a chur as an áireamh go cuí i scéimeanna ardaithe céime chun míbhuntáiste a mhaolú

EARCAÍOCHT ACADÚIL 2019


	MNÁ 	FIR 	% BAINEANN 
OLLAMH			
Líon na nIarratasóirí	47	150	24%
Líon ar éirigh leo	3	3	50%
OLLAMH PEARSANTA			
Líon na nIarratasóirí	28	83	25%
Líon ar éirigh leo	4	1	80%
LÉACHTÓIR SINSEARACH			
Líon na nIarratasóirí	27	52	34%
Líon ar éirigh leo	3	3	50%
LÉACHTÓIR			
Líon na nIarratasóirí	411	609	40%
Líon ar éirigh leo	38	21	64%

Is é an tionchar a bhí acu seo ar ardú céime acadúil agus ar fheachtais earcaíochta ó 2016 ná go bhfuil ionadaíocht níos mó ag mná i ngráid acadúla shinsearacha.

Mhéadaigh líon na mban ag Grád Léachtóra Shinsearaigh ó 33% go 44% agus mhéadaigh líon na mban ag Grád Ollaimh Phearsanta ó 16% go 24%. Ar an iomlán, is ionann mná faoi láthair agus 20% de na hOllaimh (EP & PP).

GAIRM ACADÚIL 2016-2019

GAIRM RIARACHÁIN 2016-2019



SPRIOCANNA GEAP 2

GRÁD	2020	2022	2024
Ollamh (EP & PP)	25%	26%	28%
Léachtóir Sinsearach	45%	47%	50%
Comhrúnaí	20%	30%	40%
Príomhoifigeach Teicniúil	10%	20%	25%
Leabharlannaí	42%	45%	50%
Foirgnimh & Eastáit	Clár Printíseachta Gníomhach Bunaithe		

Cé go bhfuil áthas ar OÉ Gaillimh dul chun cinn suntasach a fheiceáil le ceithre bliana anuas, is léir go mbeidh iarracht agus tiomantas leanúnach ag teastáil chun comhionannas inscne a bhaint amach. Trí GEAP 2, tá spriocanna leagtha síos in

OÉ Gaillimh maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar mhná ag gráid éagsúla sna cúig bliana amach romhainn. I Seirbhísí Gairmiúla is é grád an Chomhrúnaí an t-aon ghrád nach bhfuil aon bhean ann.

Inniúlacht agus Oiliúint

- Tugadh tacaíocht do 92 bean as gach catagóir foirne páirt a ghlacadh i gclár Forbartha Ceannaireachta Aurora do Mhná amháin go dtí seo.
- Eiseamláir bhaineann a bheith níos feiceálaí trí Mhargaíocht, ócáidí do mhic léinn, agus ainmneacha foirgneamh/spás
- Rinne 18 mbean iarratas agus fuair siad Deontas Taighde do Chúramóirí Acadúla atá ag filleadh, ar luach €10,000
- Tá Deontas d'Fhorbairt Acmhainne Taighde Léachtóra Lárghairme Athena SWAN, ar luach €5,000 an ceann, faighte ag 27 bean agus beirt fhear
- Cuireadh tús le Ceardlann d'Fhorbairt Gairme Acadúla in 2019, oscailte don lucht acadúil uile ag leibhéal Léachtóra agus Léachtóra Shinsearaigh – bhí an chéad seisiún ar siúl an 30 Bealtaine 2019 agus bhí 40 duine rannpháirteach. Reáchtáladh an dara ceardlann an 6 Nollaig 2019 agus d'fhreastail 28 rannpháirtí ar an gceardlann. Cuireadh an tríú ceardlann a bhí le bheith ar siúl an 2 Aibreán 2020 siar go Samhain mar gheall ar shrianta Covid-19.
- Bunaíodh Ionad Forbartha Taighdeoirí in 2018
- Freastalaíonn gach duine atá ar na Boird Earcaíochta agus Roghnúcháin ar oiliúint i gclaontacht neamh-chomhfhiosach

Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm

Tá an OVPED ag iarraidh comhionannas inscne a chur chun cinn trí phlean gníomhaíochta cuimsitheach ar chomhionannas inscne (GEAP) a chur i bhfeidhm agus trí chórais a fhorbairt chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú.

Cheadaigh Údarás na hOllscoile an dara plean gníomhaíochta ar chomhionannas inscne (GEAP 2) i Meitheamh 2019. Cuimsíonn an plean gníomhaíochta comhtháite seo gníomhaíochtaí nár cuireadh i bhfeidhm faoi GEAP 1, Plean Gníomhaíochta Athena SWAN OÉ Gaillimh, gach gníomh nár cuireadh i bhfeidhm ó Thuarascáil Athbhreithnithe an ÚAO (Meitheamh 2016) agus ó Phlean Gníomhaíochta Aireachta ar Chomhionannas Inscne (Samhain 2018). Ag an bpointe seo, tá cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta ag dul ar aghaidh agus tá an chuid is mó de na gníomhaíochtaí déanta nó ar siúl agus in am. Cuirtear tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le GEAP 2 a chur i bhfeidhm ar láithreán gréasáin OVPED gach dara mí agus is féidir súil a choinneáil ar an dul chun cinn ag an nasc seo a leanas:

http://www.nuigalway.ie/media/equality/files/GEAP2-2019-2020-March-24th-2020-update_FINAL.pdf

An t-eolas is deireanaí maidir le Athena

SWAN

Faoi láthair tá gradam institiúideach cré-umha Athena SWAN ag OÉ Gaillimh atá bailí go dtí Aibreán 2021. Tugann gradam institiúide cré-umha aitheantas go bhfuil bunús láidir léirithe ag OÉ Gaillimh le fáil réidh le claontacht inscne agus cultúr cuimsitheach a fhorbairt ina bhfuil meas ar gach comhalta foirne.

Rinneadh an SAT institiúideach a athbhunú in 2019 chun aighneacht nua a ullmhú le haghaidh creidiúnú faoi chritéir chairte níos leithne. Aithnítear anseo obair a dhéantar i ngach disciplín acadúil, i ról ghairmiúla agus tacaíochta, agus d'fhoireann agus do mhic léinn trasinscneach. Aithnítear sa chairt anois obair a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne ar bhonn níos leithne, agus ní na constaicí ar ardú céime a théann i bhfeidhm ar mhná amháin.

D'fhonn creidiúnú Airgid a bhaint amach faoi 2025, tá an Ollscoil ag tacú le 10 SAT ag leibhéal scoile iarratas a dhéanamh ar ghradaim roinne in 2020. Leanann an SAT ag déanamh maoirseacht ar chur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta Athena SWAN.

Grúpa Oibre ar Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe

Tá obair ag dul ar aghaidh ar chur i bhfeidhm an Chreata Toilithe: Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach - Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.

[cliceáil anseo don tuarascáil]

Tá treoir ullmhaithe ag an IUA don earnáil le déanaí. Bhí an Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta ar ghrúpa oibre an IUA chun an tionscnamh seo a chur chun cinn. Tá OÉ Gaillimh i gceannas nó páirteach i roinnt tionscadal a



Dráma maidir le Toiliú Gníomhach*



Dráma creata toilithe

chuidíonn leis an gCreat Toilithe a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo tionscadal ar thoiliú, a mbíonn oideachas toilithe ag leibhéal na Chéad Bhliana i gceist leis, ag baint úsáid as ceardlanna seanbhunaithe agus clár oiliúna éascaitheoirí; oiliúint d'fhoireann lárnach agus do mhic léinn tríd an gclár 'Céad Fhreagróir' atá le forbairt trí OÉ Gaillimh; agus feacht a mhéadú don fhoireann agus do mhic léinn trí mhodhanna traidisiúnta cosúil le póstaer chomh maith leis na meáin shóisialta agus straitéisí bunaithe ar an idirlíon. Is é an dara tionscadal an clár 'Tuairisc agus Tacaíocht' a chuirfeadh uirlis tuairiscithe nua a sholáthar agus a chur in oiriúint a chuirfidh ar chumas na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne tuairiscí gan ainm a dhéanamh maidir le ciapadh agus foréigean gnéasach. Meastar go mbeidh an uirlis seo ar fáil laistigh den bhliain acadúil nua.

An Ceathrú Cuairt ar an nGrúpa Comhairleach Seachtrach (EAG) ar Chomhionannas Inscne, 1 Bealtaine 2020

Tá an ceathrú cuairt bhliantúil den EAG beartaithe don 1 Bealtaine. I mbliana, mar gheall ar ghéarchéim Covid-19, beidh cuairt EAG ar siúl go fíorúil ag baint úsáid as Teams 365. Tugann an EAG sainchomhairle agus treoir neamhspleách leanúnach don Ollscoil maidir le moltaí Thascfhórsa Comhionannais Inscne OÉ Gaillimh a chur i bhfeidhm, trí GEAP 1 agus GEAP 2 a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tugann siad dearbhú don UMT agus d'Údarás na hOllscoile maidir le cur i bhfeidhm an GEAP agus comhairle maidir le forbairtí nua go hidirnáisiúnta ar an gclár tábhachtach seo.

Is iad baill an EAG faoi láthair:

- An tOllamh Jane Grimson, TCD, Éire
- An tOllamh Tomas Brage, Ollscoil Lund, an tSualainn
- An tOllamh Lesley Yellowlees, Ollscoil Dhún Éideann, an Ríocht Aontaithe
- An tOllamh Paul Walton, Ollscoil York, an Ríocht Aontaithe

An tOll. Paul Walton



An tOll. Tomas Brage



An tOll. Jane Grimson

An tOll. Lesley Yellowlees




An tOll. Lesley Yellowlees

11. PLEAN STRAITÉISEACH EDI

Chuir OVPED tús le comhairliúchán ar an gcéad Plean Straitéiseach EDI a fhorbairt i Meán Fómhair 2019. Ag dul i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear Leas-Déin EDI, EDICC, baill de EDIC agus Comhaltas na Mac Léinn, cuireann straitéis EDI in iúl ár dtiomantas agus ár bpleananna chun cultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn,

a chumasú agus a chur i bhfeidhm ar fud OÉ Gaillimh, chun leasa an phobail ar fad agus cinnteoidh sé gur féidir leis an Ollscoil a poitéinseal iomlán a bhaint amach.

Cuirfidh na spriocanna seo a leanas bonn eolais faoin misean sin:



Tá an straitéis EDI ag teacht le straitéis na hollscoile 2020-2025 atá tógtha ar chrofluachanna a shainíonn cuspóir agus tosaíochtaí OÉ Gaillimh: meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais.

Tabharfar Plean Straitéiseach EDI chun críche i Meitheamh 2020 agus cuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm sa Bhliain Acadúil 2020-2021.

12. MEASÚNACHT TIONCHAIR COMHIONANNAIS

Measúnacht Tionchair Comhionannais Píolótach 2019-2020

Cheadaigh UMT agus Údarás na hOllscoile uirlis Treorach agus measúnaithe na Measúnachta Tionchair Comhionannais (EIA) i Meitheamh 2019. Is é atá i gceist ná go n-úsáidfear an cur chuige EIA seo mar chuid den fhorbairt ar gach polasaí nua, agus san athbhreithniú ar pholasaithe atá ann cheana, in OÉ Gaillimh. Tá an gá le dul i mbun measúnachta tionchair comhionannais ar ár bpolasaithe agus ár gcleachtais ceangailte le moladh i dTuarascáil Thascfhórsa Inscne OÉ Gaillimh. Tagann sé chomh maith leis na luachanna agus leis an gcur chuige inár bplean straitéiseach nua agus tá tacaíocht aige ó Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Táimid ag úsáid uirlis an EIA ar bhonn píolótach sa bhliain acadúil seo – agus tá measúnacht tionchair comhionannais déanta ar 11 pholasaí nua go dtí seo.



Ball d'Údarás na hOllscoile, Owen Ward, a ceapadh ar Choiste Frithchinfóchais nua an Rialtais le gairid

13. SPRIOCANNA DON BHLIAIN ACADÚIL 2019-2020

- a. *Meastóireacht phiolótach EIA*
- b. *Plean straitéiseach EDI a chur i bhfeidhm lena n-áirítear plean gníomhaíochta a fhorbairt.*

c. *Forbairt an chláir oibre:*

- i. Inscne: GEAP 2 a chur i bhfeidhm
- ii. Míchumais: Aithnítear san Ollscoil an gá atá le hinrochtaineacht seirbhísí do chách a fheabhsú; cóiríocht réasúnach do mhic léinn, inrochtaineacht ar an timpeallacht thógtha agus sheachtrach, soláthar faisnéise inrochtana agus comhaltaí foirne faoi mhíchumas a fhostú agus a choinneáil. Is é an sprioc do 2020 cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i bhforbairt Polasaí Rochtana agus Plean Gníomhaíochta.

Áireofar ar na céimeanna tosaigh:


- Ceardlanna ar ardú feasachta le príomhpháirtithe leasmhara.
 - Tuarascáil iniúchta inrochtaineachta ardleibhéil a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi pholasaí rochtana agus plean gníomhaíochta 3 bliana a fhorbairt.
 - Comhairliúchán ar an bplean gníomhaíochta agus é a chur i gcrích.
 - Plean gníomhaíochta faofa ag EDICC i seimeastar 1 den bhliain acadúil nua.
- iii. Cuimsíonn plean an Ghrúpa Oibre Rochtana an méid seo a leanas:
 - Straitéis Rannpháirtíochta Leathnaithe a fhorbairt (ag tacú le Plean Straitéiseach na hOllscoile) agus plean feidhmithe.
 - Fadhbanna tosaíochta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le polasaithe agus le cleachtais na hOllscoile do chohóirt mac léinn faoi ghannionadaíocht a aithint, go háirithe:
 - a. lucht fágála scoile ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch,
 - b. mic léinn lánfhásta,
 - c. an lucht siúil,
 - d. daoine fásta ag tosú ar a dturas ardoideachais,
 - e. mic léinn atá ag staidéar ar bhonn solúbtha, páirtaimseartha.



Seoladh Ollscoile Tearmainn

Mitchelle Dube,
an tOll, Ciarán
Ó hÓgartaigh &
Obadiah Niyibizi





NUI Galway
OÉ Gaillimh

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & CUIMSIÚ

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2019/20